



2020

OIFIG AN
STIÚRTHÓRA UM
FHORFHEIDHMIÚ
CORPARÁIDEACH
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas breise déan teagmháil le:

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1

Guthán: +353 1 858 5800

Íosghlao: 1890 315 015

Facs: +353 1 858 5801

Ríomhphoist: info@odce.ie

Suíomh Gréasán: www.osfc.ie

Twitter: @odce

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil annso mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dlíteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© **Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2021**

Word Perfect Translations agus foireann an Stiúrthóra
a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge



Clár Ábhair

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA	1
Réamhrá	2
Léargas ar an mbliain 2020	2
Ag breathnú ar aghaidh ar an mbliain 2021 agus ina dhiaidh	4
Forfheidhmiú Coiriúil	5
Athbhreithniú ar struchtúir frith-chalaoise agus frith-éillithe na hÉireann agus ar an bPlean Forfheidhmithe a bhaineann leo	6
An tÚdarás Forfheidhmithe Corparáideach (“UFC”)	7
Focail scoir	7
2020 IN UIMHREACHA	8
CAIBIDIL 1: FORBHREATHNÚ AR OSFC	10
Sainordú reachtúil	11
Spriocanna ardleibhéil	11
Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socrúithe rialachais agus príomhshruthanna oibre	12
CAIBIDIL 2: TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN	15
Réamhrá	16
Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana	16
Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt	17
CAIBIDIL 3: GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORÁLACHA AGUS FORFHEIDHMIÚ	20
Struchtúr na Caibidle seo	21
CUID A: IONCHUIR	21
IONCHUIR SHEACHTRACHA	21
Tuairiscí alt 682 na leachtaitheoirí	22
Leithdháileadh earnála d’ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí)	25
Gearáin	26
Tuairiscí cionta indíotáilte iniúchóirí	26
Tuairiscí na scrúdaitheoirí	27
Tarchuir	27
Tuairiscí um chionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla	27
Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d’fhéadfadh a bheith ann	28
Nochtuithe faoi Acht na Nochtuithe Cosainte 2014	28

IONCHUIR INMHEÁNACH	28
Réamhrá	28
Gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine	29
Imscrúduithe a tionscnaíodh ar a tionscnamh féin	29
Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte	29
Gníomhartha a bhaineann le feidhmíochta/iompar leachtaitheora	30
Candam na n-ionchur inmheánach – 2020	30
CUID B: TRÉCHUIR	30
CUID C: ASCHUIR	32
Bearta forfheidhmithe a bhaineann le dócmhainneacht agus aschuir a eascraíonn as tuarascálacha leachtaitheora alt 682 agus scrúdú ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte	32
Aschuir ón bpróiseas alt 682	32
Líon iomlán stiúrthóirí cuideachta srianta agus dícháilithe le linn 2020	33
Fíricí agus imthosca a mheas an Ard-Chúirt agus Orduithe Dícháiliúcháin á ndéanamh aici agus ag an OSFC agus Gealltanais Dícháiliúcháin á dtairiscint aici	34
Fíricí agus imthosca a mheasann an OSFC agus Gealltanais Srianta á dtairiscint acu	35
Bearta agus aschuir forfheidhmithe eile (nach mbaineann le dócmhainneacht) – 2020	37
Ceartú/feabhsú deonach a fháil	37
Comhlíonadh a chinntiú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur ar aghaidh trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú	38
Cheadú/éascú comhlíonadh trí fheidhmiú fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra Príomh-dlíthíocht shibhialta	38
Príomh-dlíthíocht shibhialta	38
Imeachtaí coiriúla	39
Atreuithe chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile	40
CAIBIDIL 4: SEIRBHÍS DEN SCOTH DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA	41
Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha	42
Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha	44
Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht	44
AGUISÍNÍ	47
Aguisín 1: Caiteachais arna chionroinnt i gcoinne chionroinnt iarbhír 2018 – 2020	48
Aguisín 2: Láithreoireachtaí a d’fhuascail, taispeántais/imeachtaí ar ar fhreastail agus foilseacháin eisithe	49
Aguisín 3: Tuairisc faoi alt 22 d’Acht na Nochtuithe Cosainte 2014	50
Aguisín 4: Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Srianta nó ina ndearna an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianadh de bhun Acht na gCuideachtaí 2014	51
Aguisín 5: Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Dícháiliú nó ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháilithe de bhun Acht na gCuideachtaí 2014	53
GLUAIS	55

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA



Réamhrá

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2020 OSFC a chur faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta, an Dr. Leo Varadkar, T.D. de réir fhorálacha alt 954(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014 (“an tAcht”). Ba mhaith liom roinnt ábhar a phlé anseo ach, sula ndéanfaidh mé amhlaidh, ba mhaith liom tosú trí fhorbhreathnú a thabhairt ar an bliain 2020 agus na príomhfhachtóirí a raibh tionchar acu ar ghníomhaíochtaí na hOSFC i rith na bliana.



Ian Drennan, Stiúirthóir

Léargas ar an mbliain 2020

Comhthéacs

De réir mar a thosaigh an bhliain, bhí an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (“EDS”) ag obair chun foinse, nádúr agus modhanna tarchuir tréithchineáil nua-aitheanta an chorónavíreas a dhéanamh amach. Deimhníodh an chéad chás in Éirinn go déanach i mí Feabhra agus, go luath i mí an Mhárta, dhearbhaigh an EDS go bhféadfaí an víreas a shainnint mar phaindéim. Faoi dheireadh mhí an Mhárta, bhí bearta déine sláinte poiblí curtha i bhfeidhm mar iarracht srian a chur le scaipeadh Covid-19 agus chun na brúnna ar ár gcóras sláinte a mhaolú.

Bhí tionchar ollmhór ag Covid ar phobal na tíre agus ar an eachnamaíocht, agus b’éigean do go leor gnólachtaí éirí as trádáil ar feadh tréimhsí éiginnte, chaill na mílte daoine a gcuid post agus bhí orthu siúd a bhí an t-ádh leo leanúint ar aghaidh ag obair dul in oiriúint go tapa ar bhealaí nua oibre. Ag teacht leis na bearta sláinte poiblí, tá an chuid is mó d’fhoireann na hOSFC ag obair go cianda ó shin agus is léiriú dá ndúthracht gur beag an cur isteach a rinneadh ar sheirbhísí den chuid is mó. Is fíor freisin, áfach, nach bhfuil cuid de ghníomhaíochtaí na hOSFC oiriúnach d’obair cianda agus, dá bharr sin, bhí (mar a cheadaítear de réir na rialacháin sláinte poiblí maidir le seirbhísí riachtanacha) láithreach leanúnach ann ar an bhfód ar feadh na tréimhse ar fad – go háirithe ó thaobh imscrúdaithe (sibhialta agus Garda), dlí, dlí-eolaíochta dhigiteach, agus, de réir mar is gá chun oibríochtaí a chothabháil, foirne seirbhísí corparáideacha.

Dócmhainneacht chorparáideach

Braitheadh tionchar an Chovid go géire ar ghníomhaíochtaí na hOSFC i réimse na dócmhainneachta corparáidí. Mar fhreagairt ar an imní a léirigh grúpaí ionadaithe gnó agus comhairleoirí gairmiúla go bhféadfadh stiúirthóirí cuideachta a bheith faoi réir imeachtaí srianta gan údar de dheasca dócmhainneachtaí bainte leis an gCovid, d’eisigh an OSFC ráiteas poiblí ag athrú na dtosca a chuireann sé san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige ar cheart freagra iomchuí é an srian chun an phobal a chosaint. Fáiltíodh an ráiteas go forleathan mar mhaolú ar ábhair imní stiúirthóirí cuideachta a d’fhéadfadh, gan aon locht orthu féin, a bheith i mbaol dócmhainneachta corparáidí de dheasca na paindéime agus, dá bharr sin, i mbaol teacht faoi scrúdú an OSFC.

Laghdaigh líon na dtuairiscí leachtaithe a fuarthas le linn 2020 síos beagnach an ceathrú cuid ar leibhéal 2019. Léiríonn an laghdú suntasach seo roinnt tosca, ina measc an treocht bhunúsach anuas i líon na leachtaithe dócmhainneacha le blianta beaga anuas agus tionchar na srianta sláinte poiblí ar chumas leachtaitheoirí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Mar is léir ón laghdú faoi leith i líon na gcásanna reatha ag deireadh na bliana i gcomparáid lena tús, d’éirigh leis an OSFC leas a bhaint as na cúrsaí seo i rith na bliana.

Is feidhm de chuid líon na dtuarascálacha leachtaitheora a fhaightear í leibhéal na srianta agus na ndícháilíochtaí a fhorchuirtear mar ghealltanais reachtúil i mbliain ar leith. Mar thoradh air sin, ba é iarmhairt ar an titim suntasach i líon na dtuarascálacha leachtaitheora ná laghdú faoi 38%¹ ar líon na stiúirthóirí cuideachta a chuireadh srian leo agus a dhícháilíodh de bharr ghealltanais i rith na bliana.

In ainneoin an laghdú foriomlán faoi 24% ar líon na srianta agus dícháilíocháin don bhliain, tháinig méadú 35% ar líon na nOrduithe a dheonaigh an Ard-Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí.

1. De ghnáth, tiocfaidh srianta nó dícháilíocháin iolracha chun cinn i ngach cuideachta dócmhainneach ábhartha agus, dá bhrí sin, sáraíonn líon an laghdú ar ghnóthais líon an laghdú ar thuiriscí a fhaightear.

I gcodarsnacht leis an méid atá thuasluaite, dícháilíodh 18 stiúrthóir cuideachta mar thoradh ar ghníomhaíochtaí OSFC maidir le cuideachtaí dócmhainneacha díscailte (ní mar thoradh ar tuairiscí leachtaitheoirí ach ar anailís inmheánach na hOSFC ar chuideachtaí a bhaineadh as de dheasca fiacha suntasacha), sin leibhéal mar an gcéanna le cad a tharla sa bhliain 2019.

Chuir an OSFC srianta agus dícháilíochtaí cosanta poiblí tréimhsí 265 bhliain san iomlán agus 82 bhliain san iomlán faoi seach ar stiúrthóirí cuideachta mar thoradh ar ghealltanais a thógadh le linn na bliana. Ina theannta sin, dhícháilíodh stiúrthóirí cuideachta ar feadh tréimhse 14 bhliain agus trí mhí sa bhliain 2020, an pionós is troime riamh a ghearradh dá leithéid san Ard-Chúirt.

Agus ag baint fós le téama Covid-19 agus dócmhainneachtaí corparáideacha, chuir an OSFC, mar bhall de Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí na gCuideachtaí (“GADC”), le tuarascálacha a ullmhaíodh don Tánaiste a bhaineann araon le saincheisteanna dlí na gcuideachtaí a tháinig chun cinn de dheasca na paidéime agus leis an struchtúr dlíthiúil atá beartaithe chun cuideachtaí beaga a tharrhail.

Imscrúduithe agus forfheidhmiú

Tháinig laghdú mór mar aon ar líon na dtuairiscí iniúchóra maidir le cionta indíotáilte an agus ar líon na ngearán ó bhail an phobail i gcomparáid le leibhéal na bliana 2019 chomh maith – 29% agus 41% faoi seach. Ní míreasúnta a mheas gur chuir Covid leis na laghduithe seo freisin. Mar sin féin, agus is cuma iad na cúiseanna, bhí tionchar ag na laghduithe móra seo ar slí oibre na n-imscrúdaithe agus na bhforfheidhmithe a rinneadh i rith na bliana. Tá a shaolré féin ag gach imscrúdú – ó thionscnamh go bailiú faisnéise go hanailís go bailiú faisnéise breise go breitheanna a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh ar an ngníomh forfheidhmithe, más ann, a d’fhéadfadh a bheith riachtanach agus aird á tabhairt ar na fíricí agus na bunchúinsí lena mbaineann. Bíonn tionchar ag líon agus cineál na n-imscrúduithe le linn na bhliana, mar aon leis an gcéim atá bainte amach acu i saolré gach imscrúdaithe, ar phróifíl na hoibre imscrúdaithe a dhéantar le linn na bliana sin.

Léirítear sin go géar ag an sampla seo a leanas. Ag barr imscrúdú na hOSFC ar Independent News & Media (“INM”) sa bhliain 2017, eisíodh 46 Fógra agus Ceanglas Reachtúla ar a laghad faoi dhlí na gcuideachtaí a bhí baint acu le doiciméid a tháirgeadh agus le faisnéis agus míniúcháin ghaolmhara a sholáthar faoi seach. An bhliain chéanna, ní bhfuarthas ach cúig Ordú de bhun alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Goid & Calaoise) 2001.

Ach le linn na 2020 nuair a bhí difríocht mór i bpunann na n-imscrúduithe, níor eisíodh ach cúig Riachtanas faoi dhlí na gcuideachtaí a bhí baint acu le doiciméid a thabhairt ar aird agus le soláthar faisnéise agus na mínithe a bhaineann faoi seach. Mar sin féin, áfach, fuarthas 54 Ordú de bhun alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Goid & Calaoise) 2001. Cuireadh na gníomhaíochtaí seo chun faisnéis a bhailiú le 14 agallamh amhrasacha faoi rabhadh, seacht gcuardach faoi bharántais agus gabháil naonúir.

Mar thoradh ar an obair imscrúdaithe a rinne an OSFC le linn na bliana 2020, díríodh 55 cúiseamh coiriúla ar dhaoine ainmnithe. Bhain na cúisimh choiriúla seo le cionta líomhainte a raibh baint acu le, idir eile, trádáil chalaioiseach, faisnéis bhréagach a sholáthar, goid agus sciúradh airgid.

Sócmhainní um imscrúdú agus nithe lena mbaineann

Agus ualach na gcásanna choiriúla leanúnacha an OSFC i rith na bliana 2020 a chur san áireamh chomh maith leis na héilimh a ghabhann leo ar acmhainní imscrúdaithe na hOifige, scríobh mé chuig Coimisinéir an Gharda Síochána i mí Iúil 2020 chun lorg ar roinnt ball breise den Gharda Síochána (sé sin, seisear bleachtair sa bhreis a leithdháileadh ar feadh tréimhse sé mhí ar an líon buan a cheadaigh ag an Rialtas don OSFC) maidir le cabhrú sealadach a thabhairt dúinn le hábhair áirithe a bhaineann le roinnt mór-imscrúduithe coiriúla a chur chun cinn.

I mí na Samhna 2020, cuireadh in iúl don Oifig seo gur cheadaigh an Coimisinéir an leithdháileadh sealadach a bhí á lorg againn agus go gceapfar iad as comórtas a bhí ar siúl ag an am chun poist bleachtairachta a líonadh i mBiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireachta Eacnamaíocht (“BNGSCE”). I ndiaidh an cheadú sin, ceapadh beirt Bhleachtair breise i lár mhí Aibreáin na bliana 2021. Amhail an 28 Aibreán 2021, táimid ag fanacht fós ar cheapachán na gceathrar eile.

Ag breathnú ar aghaidh ar an mbliain 2021 agus ina dhiaidh

Dócmhainneacht chorparáideach

Ag cur san áireamh cé chomh géar agus a tháinig laghdú ar líon na dtuarascálacha leachtaitheora a fuarthas i rith na bliana 2020, agus ag glacadh leis go bhfillfidh an líon thart ar an ngnáth de réir mar a théann leathadh amach an chláir vacsaíne chun cinn agus mar a thosófar ar na srianta a chur ar cheal, tá sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh cúlú éigin sa treocht seo le linn na bliana 2021. Mar thoradh air sin, bheifí ag súil go méadóidh líon na srianta agus na ndícháilíochtaí a eiseofaí. Ag brath ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na Cúirteanna don chuid eile den bhliain, d’fhéadfadh srianta agus dícháiliúcháin de bhun iarratais leachtaitheoirí a mhéadú.

Tá an anailís thuas bunaithe ar leibhéal na ndócmhainneachta a bhí ann roimh an gCovid. Ach tá tuairim ann freisin go bhfuil bun-fhadhbanna airgeadais an earnáil chorparáideach á gceilt ag na tacaíochtaí atá ar fáil ón Stáit faoi láthair. Más é seo an cás, de réir mar a théann éifeachtaí fadtéarmacha an Chovid tríd an ngeilleagar agus tacaíochtaí airgeadais éagsúla an Stáit ag laghdú, d’fhéadfaí méadú suntasach a theacht ar líon na ndócmhainneachtaí chorparáideacha agus, dá dheasca sin – de mhéid nach raibh le feiceáil go dtí seo – ar líon na dtuarascálacha leachtaitheora ag teacht tríd an gcóras.

Mar a luadh anseo cheana, chuir an GADC tuairisc faoi bhráid an Tánaiste maidir le struchtúr dlíthiúil a d’fhéadfadh a bheith ar fáil chun cuideachtaí beaga a tharrtháil. Molann an tuairisc scéim atá bunaithe, go pointe áirithe, ar an scrúdaitheoireacht ach atá deartha le bheith níos casta agus, dá bharr sin, in ann réiteach níos saoire a chur ar fáil do chuideachtaí atá faoi bhrú. Samhlaíonn na moltaí go mbeidh ról substaintiúil sa phróiseas ag an OSFC agus tá siad á n-athbhreithniú ag an Tánaiste agus a oifigigh faoi láthair.

Tathant

Mar thoradh ar chúiseanna a luadh thuas, imríodh tionchar suntasach ar ghníomhaíochtaí tathanta na hOSFC, agus ina measc, for-rochtain os comhair páirtithe leasmhara. De réir mar a thosaíonn na srianta á gcealú, tá súil againn gur féidir na gníomhaíochtaí sin a atosú ar bhonn duine le duine. Idir an dá linn, leanfaimid ar aghaidh, chomh maith agus is féidir linn, le tionscnaimh tathanta leictreonacha a chur ar fáil.

Imscrúduithe agus forfheidhmíú

Mar is léir ón scéal go dtí seo, lean gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe na hOSFC ar aghaidh i rith srianta sláinte poiblí (cé gur gearradh siar iad maidir le, mar shampla, na deacrachtaí a bhain le agallaimh a dhéanamh le finnétithe). Leanfaidh an chas amhlaidh sin sa bhliain 2021. Chomh maith le fanacht le críoch a chur le Cigireacht reatha na hArd-Chúirte ar INM, táimid ag súil go gcuirfear comhaid faoi bhráid an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí mar thoradh ar roinnt imscrúduithe a rinneadh i mbliana.

Ós rud é gur tháinig laghdú mór ar líon na dtuarascálacha iniúcháirí agus na ngearán ó bhail an phobail sa bhliain 2020, táimid ag súil go dtiocfaidh filleadh éigin ar an ngnáth-leibhéal sa bhliain 2021, rud a fhágfaidh go méadóidh líon na gníomhaíochtaí forfheidhmithe gaolmhara i rith na coda eile den bhliain seo.

Forfheidhmiú Coiriúil

Tá rogha gnás forfheidhmithe ar fáil ag an Oifig seo. Má tá na comharthaí le feiscint go bhfuil sárú dlí na gcuideachtaí ar siúl, ní hé an ionchúiseamh (nó atreorú chuig an Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí) ár bhfreagra réamshocraithe. Dá mbeadh a leithéid, bheadh orainn gach stiúrtóir cuideachta nár éirigh leis a chinntiú go bhfuil ainm cuideachta le feiceáil taobh amuigh de gach áit ghnó nó a chinntiú go raibh ainmneacha stiúrtóirí ar cheann litreach cuideachta a thabhairt os comhair na cúirte. D'fhéadfadh cur chuige mar seo staitisticí ionchúiseamh iontacha a chruthú ach caithfeadh sé amhras ar oiriúnacht agus creidiúnacht modh oibre straitéisigh na hOifige seo i leith a sainordú reachtúil a chomhlíonadh. Mar an gcéanna, ní méadracht feidhmíochta iomchuí í líon na n-ionchúiseamh i mbliaín ar leith. Dá mbeadh a leithéid á nglacadh againn, d'fhéadfaimis a bheith cúiseamh as ionchúisimh choiriúla á dtionscnamh chun spriocanna feidhmíochta a bhaint amach.

Mar sin, níl san ionchúiseamh coiriúil ach cuid amháin de ghníomhaíocht forfheidhmithe na hOSFC agus níl ann ach bealach amháin trínar féidir feidhmíocht na hOifige seo a thomhas. Is cuid shuntasach de ghníomhaíochtaí iomlána OSFC í an obair a bhaineann le dócmhainneachtaí corparáideacha, mar atá luaite thuas. Ina theannta sin, déileáiltear le go leor tásca maidir le sárúithe ar dhlí na gcuideachtaí ar bhealach atá comhréireach agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de nach bhfuil gá riamh ar imscrúdú nó ionchúiseamh a thionscnamh – mar shampla, trí oideachas a chur ar fáil, trí chúnamh a thabhairt do ghearánaigh, trí shásamh dheonach a fháil i ndiaidh á chur ina luí, trí rabhadh a eisiúint agus, más gá, trí threoracha reachtúla a eisiúint chun an dualgas a chomhlíonadh (a chuirfimid i bhfeidhm, más gá, trí na Cúirteanna).

Mar sin féin, mar gheall ar an ardphróifíl a baineann leo, tugtar aird ar leith i measc an phobail ar ár ngníomhaíochtaí imscrúdaithe coiriúla agus ionchúisimh. Uaireanta, bíonn ionchais neamhréadúla ann ina leith. Mar shampla, le cúpla seachtain anuas, iarradh ar an OSFC imscrúdú a dhéanamh ar imeachtaí a thagann faoi réim na seirbhísí airgeadais chomh maith le hábhair a mbaineann le neamhchomhlíonadh na ndualgas atá molta maidir le conarthaí airgeadais. Fiú amháin, iarradh sna meáin shóisialta ar an OSFC imscrúdú a dhéanamh ar dháileadh líomhainte na vacsaíní Covid-19 go míchuí i suíomhanna ospidéal. Ach i gcomhréir lena sainordú reachtúil, áfach, tá imscrúduithe na hOSFC dírithe ar an gcéad dul síos ar chásanna ina bhféadfadh dlí na gcuideachtaí a bheith sárúithe. Agus ag brath ar na fíricí agus na cúinsí a mbaineann leo, uaireanta síneann siad níos faide ná sin – go minic go sárúithe na reachtaíochta a bhaineann le gadaíocht, calaois agus sciúrath airgid ós rud é nach minic a tharlaíonn sárúithe ar dhlí na gcuideachtaí ina n-aonar – ach, de réir ár sainordaithe reachtúil, sé dlí na cuideachta an chéad chéim i ngach imscrúdú. Sa chomhthéacs seo, áfach, ní mór a chuimhneamh nach feithicil í, agus nach mbeartaíodh riamh a bheith inti, dlí na gcuideachtaí chun dul i ngleic le gach cás líomhainte den choireacht “*bóna bán*”.

Le blianta beaga anuas, sí straitéis na hOSFC maidir le forfheidhmiú coiriúil ná díriú ar na ceisteanna a bhaineann lenár réimse féin a thugann le tuiscint go ndearnadh éagóir chomh tromchúiseach sin ionas go bhféadfaí dochar mór a dhéanamh do dhaoine aonair, do ghnólaigh, do mhuintir an phobail agus do cháil na hÉireann. Mar thoradh ar ár gcuid oibre imscrúdaithe, cuireadh cúisimh choiriúla thromchúiseacha i leith daoine áirithe agus fuarthas ciontuithe coiriúla i gcásanna faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoin reachtaíocht níos fairsinge maidir leis an gceartas coiriúil. Le seachtainí beaga anuas amháin, tá ciontuithe coiriúla faighte ag an OSFC as trádáil chalaoiseach, as ionstraimí bréagacha a úsáid agus as faisnéis bhréagach a sholáthar – ar cionta coiriúla tromchúiseacha iad go léir. I ngach chás, phléadáil an duine cúisithe ciontach agus léiríonn sin neart na n-ionchúiseamh a bhí bunaithe ar obair imscrúdaithe na hOifige.

Is léir iad na buntáistí sochaíocha a bhaineann lena leithéid imscrúduithe agus ionchúisimh. Is astu a thagann an trédhearcacht agus an chuntasacht atá riachtanach chun timpeallacht ghnó dea-rialaithe a bhunú, agus tá gá leo chun an pobal gnó agus an pobal i gcoitinne a chosaint ó choireacht eacnamaíoch. Agus ag cuimhneamh ar an dochar chreimneach a dhéanann an coireacht “*bóna bán*” don phobal, aithnímidne mar eagraíocht go bhfuil sé riachtanach go dtabharfaí daoine aonair, chomh maith leis na heagraíochtaí féin, chun chuntas ionas nach dtarlódh a leithéid de mhí-iompar arís.

Ach ní féidir buntáistí mar seo a bhuachan go héasca. Tá cuid de na dúshláin roimh an OSFC ann le fada an lá – de ghnáth, sé luas an imscrúduithe an gearán is minice. Teastaíonn foighne agus díogras nuair a bhíonn cásanna casta den chineál seo faoi scrúdú, áfach, mar is minic a thógann siad tréimhse níos faide ná mar a bhaineann le gnáthchásanna ceartais choiriúil chun iad a chur í gcrích – uaireanta d’fhéadfadh roinnt blianta nó níos mó a bheith ann idir oscailt an chomhaid agus á sheoladh chuig Stiúirthóir na n-Ionchúiseamh Poiblí chun an cás a mheá. Agus nuair a dhéantar cúiseamh, d’fhéadfaí fanacht ar feadh blianta fós sula socraítear an dáta trialach. Mar shampla, cuireadh comhad na hOSFC maidir leis an iar-charthanais Console faoi bhráid an SIP i mBealtaine na bliana 2019. Tá éisteacht réamhthrialach sceidealta d’Eanáir 2022, agus tá an triail féin sceidealta d’Eanáir 2023. Sa chomhthéacs seo, cuirtear fáilte roimh fhoilsiú an Bhille um Nós Imeachta Coiriúil 2021 i mí Eanáir seo caite, a bhfuil mar phríomhaidhm aige ná éisteachtaí réamhthrialach a chur ar fáil. Meastar go méadóidh siad éifeachtúlacht an phróisis agus go laghdóidh siad na moilleanna maidir le hionchúiseamh cásanna móra coireachta eacnamaíochta a bhainistiú.

Tá dúshláin suntasacha eile ann don imscrúdú coiriúil, cé go bhfuil blas nua-aimseartha orthu. I measc na n-eagraíochtaí chorparáideacha, agus fiú na ndaoine aonair freisin, a thagann inár n-aird, bíonn clú mór agus acmhainní thar a bheith suntasach ag an-chuid acu. Mar atá mar cheart acu, is gnách go baineann siad úsáid as gach acmhainn dlí atá ar fáil acu mar fhreagairt ar iarrachtaí imscrúdaithe, agus níos minice is uirlisí ionsaithe chomh maith le uirlisí cosanta anois iad na dearbhairte pribhléide agus príobháideachta. Tá ré na fianaise deannachúla i bhfolach sa mhórleabhair agus sa chaibinéid chruach imithe le fada an lá. Tá na taifid dhoiciméadacha thuas sa scamall, is digiteach é an cumarsáid atá ann anois, tá cónaí ar an-cuid faisnéise san fhón chliste agus sna gléasanna iniompartha eile. Tá gá le leasú reachtaíochta mar fhreagairt ar fhorbairtí teicneolaíochta, agus rinne an OSFC aighneachtaí ar fhorbairt an bheartais i bhfóraim iomadúla – agus tá tionchar suntasach gnóthaithe aici i leith na n-ábhar seo – is déanaí trína ballraíocht i nGrúpa Athbhreithnithe Hamilton (“GAH”), a rinne moltaí sonracha. maidir le leasaithe a bhaineann le cearta príobháideachta i gcomhthéacs na gcuardaithe dhigiteacha.

Braitheann an OSFC go mór ar an struchtúr ildisciplíneach ar leith atá aici agus faigheann sí meascán na scileanna, an tsaineolais, an taithí agus éiteas ó shibhialtaigh agus ó phóilíní araon chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann i gcónaí le himscrúdú coiriúil casta. Ó ceapadh mé, tá an OSFC, agus tacaíocht láidir leanúnach á fáil aici ó Airí, ón Rialtais agus ó oifigh na Roinne, tar éis a cumais imscrúdaithe a neartú go mór trí ghairmithe ard-oilte cuntasáíochta, dlí agus dlí-eolaíochta digiteacha a earcú agus trí infheistíocht mhór a dhéanamh sa teicneolaíocht agus san oiliúint.

Athbhreithniú ar struchtúir frith-chalaoise agus frith-éillithe na hÉireann agus ar an bPlean Forfheidhmithe a bhaineann leo

Tugann sé sin chuig an GAH mé, a raibh an Oifig seo ina ball de agus a d’fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt a Thuarasc i mí Nollag 2020. Rinne an GAH roinnt moltaí a d’fhéadfadh cur go mór le cumas foriomlán na hÉireann dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch.

I measc na moltaí suntasacha a bhaineann go díreach leis an Oifig seo tá:

- Fóram um Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú a bhunú, ar a mbeidh gníomhaireachtaí rialála agus forfheidhmithe, an OSCF san áireamh;
- achtachán brostaithe an Bhille um Nós Imeachta Coiriúil, ag cur ar fáil, *inter alia*, éisteachtaí réamhthrialacha i dtrialacha coiriúla;
- cumhachtaí faireachais breise a thabhairt don Oifig seo agus do Ghníomhaireachtaí eile;
- an reachtaíocht a bhaineann le barántais a leasú chun:
 - » freagairt ar an dul chun cinn teicneolaíochta (m.sh., sonraí á stóráil sa scamall);
 - » tabhairt aghaidh ar cheisteanna áirithe a bhaineann leis an bpríobháideacht; agus
 - » socrú a dhéanamh maidir le foráil do bharántais neamhspleácha a thabhairt an chumhacht do shealbhóir an bharántais a éileamh go gcuirfear na pasfhocail do ghléasanna leictreonacha ar fáil,
- leasú ar na Rialacháin Coimeádta chun cead freastal ar agallaimh le daoine faoi amhras a thabhairt d’fhoireann shibhialta na hOSFC páirt a ghlacadh acu sna hagallaimh (m.sh., cuntasóirí, saineolaithe dlí-eolaíochta digiteacha); agus
- leasú ar alt 50 den Acht um Cheartas Coiriúil 1997 (arna leasú) chun go mbeadh baint aige le gach cion in-ghabhála (sé sin, síneadh a chur leis na tréimhsí coinneála atá ar fáil faoi láthair inar féidir daoine faoi amhras a chur faoi agallamh).

Cuirtear fáilte roimh fhoilseachán an Phlean Forfheidhmithe a bhaineann leis ag an Aire Dlí agus Cirt le seachtainí beaga anuas agus, ós rud é go bhfuil an choireacht eacnamaíoch chun tosaigh sa chláir oibre polaitiúil, tá an Oifig seo, mar aon lena comheagraíochtaí, ag tnúth le páirt a ghlacadh chun moltaí na GAH a chur i gcrích.

An tÚdarás Forfheidhmithe Corparáideach (“UFC”)

Le linn 2020, lean foireann na hOSFC ag obair go dlúth le hoifigigh an Aire agus an Aire Troy chun bunobair bunú an UFC a leagan síos. I mí Eanáir seo caite, tháinig ionadaithe ón Oifig seo os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Fhiontar, Trádála & Fostaíocht chun Bille um Scéim Ghinearálta na gCuideachtaí (Údarás Forfheidhmithe Corparáideach) 2018² a phlé.

D’fhoilsigh an Coiste a Thuaraisc³ ar an 20 Aibreán. Cuirtear fáilte roimh roimh thacaíocht an Choiste do sheasamh na hOSFC ar cheisteanna reachtaíochta cosúil le barántais, príobháideacht, tinreamh sibhialtaigh ag agallaimh daoine faoi amhras agus pribhléid. Cuirtear fáilte freisin roimh thuairim an Choiste gur cheart leibhéal acmhainní an tUFC a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach chun a chinntiú go bhfanann siad leordhóthanach.

Ta dúshlán ag baint leis an athrú ó Oifig de chuid na Roinne go Gníomhaireacht. Ach, níos tábhachtaí fós, tá deiseanna ag baint leis chomh maith. Tá an Oifig seo ag tnúth le hachtú an Bhille agus le bunú an UFC ar bhonn reachtúil sna míonna amach romhainn.

Agus ag ullmhú don aistriú, iarradh agus fuarthas cead do roinnt post nua a threalmhóidh an UFC le freagrachtaí breise a ghabhann le stádas Gníomhaireachta a ghlacadh agus lenár n-obair imscrúdaithe á bhfeabhsú tuilleadh. Táimid ag tnúth le fógairt na ndeiseanna iontacha nua seo sna míonna amach romhainn agus, mar thoradh ar an bhfeachtas sin, le neartú breise ár gcumas imscrúdaithe.

Focail scoir

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Tánaiste agus leis an Aire Troy agus lena n-oifigigh as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana. Mar is gnách, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil as an ngairmiúlacht, an dúthracht agus an díograis a léirigh mo chomhghleacaithe na hOSFC i rith na bliana. Ba bhliain dhúshlánach í tríd is tríd agus is tríd a n-iarrachtaí agus a dteacht aniar gur leanadh le obair na hOifige seo gan mórán cur isteach.

Ian Drennan

Stiúrthóir

28 Aibreán 2021

2. Tá tras-scríbhinn an agallaimh ar fáil ag: https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/joint_committee_on_enterprise_trade_and_employment/2021-01-22/2/

3. <https://www.oireachtas.ie/en/publications/18464>

2020 in Uimhreacha



669

Tuarascálacha
leachtaitheoiría fuarthas



14.25

An dícháiliú is faide
(blianta) arna fhorchur
ag an Ard-Chúirt



265

Srianta comhiomlána
(blianta) arna bhforchur
ag an OSFC



1,500

Cáipéisí treorach
a scaipeadh



€5.7m

€m iasachtaí stiúrthóirí
a cheartú



€4.3m

€m – costas
oibríochtaí 2020



73

Stiúrthóirí cuideachta srianta



82

Dícháiliúcháin
comhiomlána (blianta)
arna bhforchur ag
an OSFC




32

Stiúrthóirí cuideachta dícháilithe

12

Ciontuithe
coiriúla



7

Barántais chuardaigh
curtha i gcrích



55

Cúiseamh
coiriúil ordaithe



 75

Tuarascálacha cionta
indíotáilte iniúchóirí
a fuarthas

 100

Céatadán na gciontuithe
a daingníodh bunaithe ar
phléadálacha ciontach

149

Gearráin
a fuarthas



14

Agallaimh deonacha
le rabhadh



65

Orduithe
Táirgthe eisithe



9

Gabhálacha



 6

Terabyte fianaise dhitighe
urghabhadh, próiseáladh agus
ar ar rinneadh anailís

1

FORBHREATHNÚ AR OSFC



Sainordú reachtúil

Acht na gCuideachtaí 2014 (árna leasú)

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 (“an tAcht”) i bhfeidhm i mí Bealtaine 2015. Ach amháin nuair a éilíonn na cúinsí é, dá réir sin, baineann gach tagairt reachtúil sa Tuarascáil seo leis an Acht i gcodarsnacht le hAchtanna na gCuideachtaí ar cuireadh ina n-ionad é. Is féidir téacs iomlán an Achta a rochtain ar shuíomh gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann⁴.

Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Déantar foráil i gCuid 15, Caibidil 3 den Acht i leith phost an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Chorparáideach (“Stiúirthóir”). Tugtar cuidiú don Stiúirthóir, a cheapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíocht (“an tAire”), lena shainordú reachtúil a chur ar aghaidh trí:

- foireann arna sainiú ag an Aire; agus
- baill den Gharda Síochána tugadh ar iasacht de bhun Chinneadh an Rialtais.

Le chéile, cuimsíonn iad siúd a luadh thuas Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“OSFC”/“an Oifig”).

Príomhfheidhmeanna an Stiúirthóra

Tá príomhfheidhmeanna an Stiúirthóra leagtha amach san Acht⁵. Áirítear orthu sin:

- i. comhlíonadh an Achta a spreagadh;
- ii. imscrúdú a dhéanamh ar chásanna cionta líomhnaithe faoin Acht;
- iii. an tAcht a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear le hionchúiseamh na gcionta trí imeachtaí achoimre⁶;
- iv. cásanna a atreorú, dá rogha féin, chuig an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí (“SIP”) sa chás go bhfuil forais réasúnta ag an Stiúirthóir lena chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte⁷ faoin Acht; agus
- v. ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann sé é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht.

Neamhspleáchas an Stiúirthóra

Déantar foráil san Acht⁸ go mbeidh an Stiúirthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Spriocanna ardleibhéil

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla atá leagtha amach thuas, is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil OSFC le linn na bliana atá faoi athbhreithniú:

1. tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn;
2. aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí; agus
3. seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Tugtar tuilleadh faisnéise ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí ar bhféachadh dóibh agus a rinneadh faoi seach le linn na bliana faoi athbhreithniú chun na spriocanna sin a bhaint amach sa chuid eile den Tuarascáil seo mar a leanas:

- » **Caibidil 2** – Tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn
- » **Caibidil 3** – Aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí
- » **Caibidil 4** – Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

4. <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/38/enacted/en/pdf>

5. Alt 949 d’Acht na gCuideachtaí 2014

6. Is é sin os comhair na Cúirte Dúiche

7. Is éard is cion indíotáilte ann cion ar féidir é a thriail ar díotáil, i.e., os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda.

8. Alt 949(3) d’Acht na gCuideachtaí 2014

Acmhainní, struchtúr na heagraíochta, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre

Acmhainní daonna

Tá comhlánú foirne iarbhír OSFC (i.e., seachas foireann cheadaithe) ag tús agus ag deireadh na bliana faoi seach mionsonraithe i dTábla 1 thíos.

Tábla 1: Líon Foirne OSFC – 2019/2020

Líon Foirne (CL ⁹)	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2020
Líon iarbhír atá i bhfeidhm	42	43

Tá comhdhéanamh líon foirne na hOifige amháin an 31 Nollaig 2020, mar aon le sonraí comparáideacha, leagtha amach i dTábla 2 thíos.

Tábla 2: Anailís ar foirne iarbhír (CL)

Grád	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2020
Stiúrthóir	1	1
Ceannasaithe Feidhme (ach amháin Garda)	3 ¹⁰	3 ¹⁰
Dlíodóir Forfheidhmithe	2	2
Speisialtóir Fóirínseach Dígiteach	1	1
Cuntasóirí Fóirínseach	4	4
Aturnaetha	1	1
Príomhoifigigh Cúnta	3	3
Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin	8	7
Oifigigh Feidhmiúcháin	5	5
Oifigigh Cléireachais	6.6	7
Bleachtairé Gardaí (ar iasacht de bhun Chinneadh an Rialtais)		
Cigire Bleachtairéachta (Ceann Feidhme)	1	2 ¹¹
Sáirsint Bleachtairéachta/Sáirsint	3	3
Bleachtairé Gardaí	4	4
Iomlán	41.6	43

Acmhainní airgeadais

Tá an Oifig maoinithe trí Vóta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostíocht (“an Roinn”) (Vóta 32). Tá sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas faoi seach na hOifige do 2020 leagtha amach i dTábla 3 thíos.

Tábla 3: Leithdháileadh airgeadais agus caiteachas – 2020

	Cionroinnt €000anna	Caiteach €000anna	%
Pá	3,740	2,295	61
Neamhphá	2,317	2,015	87
Costais Dlí Eiseachtúil (soláthar teagmhasach)	50	0	0
Iomlán	6,107	4,310	71

9. Coibhéiseach Lánaimseartha

10. Beirt Bainisteoir Punainne Forfheidhmithe agus Phríomhoifigeach amháin

11. Bhí duine de na Bleachtairí-Chigirí in áit ag fanacht lena n-athlonnú tar éis ardú céime agus dá bhí sin breise.

Seo a leanas na príomhchúiseanna nárbh ionann caiteachas iarbhír agus an leithdháileadh:

- coigilteas ar Phá mar thoradh ar fholúntais a d’fhan gan líonadh nó a d’eascair i rith na bliana (scoir agus fágáilthe go príomha); agus
- bhí na costais dlí a d’eascair i rith na bliana níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis, cé go mbeidh cuid acu le hóc in 2021. Ina theannta sin, níor tháinig chun críche ag deireadh na bliana cleachtadh soláthair a rabhtas ag súil go gcruthódh sé caiteachas suntasach.


Tá anailís níos mionsonraithe maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh le linn na bliana leagtha amach in Aguisín 1 leis an Tuarascáil seo.

Fóiréinsic Dhigiteach

Lorgaíodh agus fuarthas cead in 2018 chun leathnú fairsing a dhéanamh ar chumais an Aonaid Dlí-Eolaíochta Digití. Le linn tionscadail dhá bhliain, soláthraíodh ard-bhogearraí fóiréinsice digiteacha agus r-Fhollasú, agus críochnaíodh suiteáil an chórais ag deireadh 2020. Chuir coimisiúnú an chórais seo saoráid úrscothach ar fáil don Oifig a mhéadaíonn go mór cumas an Aonaid Dlí-Eolaíochta Digití déileáil leis na castachtaí a thagann chun cinn go minic in imscrúduithe corparáideacha nua-aimseartha.

Struchtúr eagrúcháin

Ag féachaint do phríomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúirthóra agus do na sruthanna oibre comhbhainteacha, baineann roinnt Aonad le struchtúr na hOifige. Is san eagrafham thíos a leagtar amach struchtúr eagrúcháin na hOifige.



Eochair: Forfeidhmíú sibhialta/coiriúil; Tathant; Maoirseacht chuideachtaí dócmhainneacha; Seirbhísí gairmiúla agus tacaíochta

Príomhshruthanna oibre

De bharr chineál príomhshruthanna oibre na hOifige éilítear leis an gcuid is mó díobh cur chuige ildisciplíneach a bhaineann le hidirghníomhaíocht leanúnach idir na hAonaid agus/nó comhoibriú gníomhach na nAonad chun cuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

Dá réir sin, tá cumarsáid éifeachtúil idir na hAonaid, agus go nglacann gach Aonad peirspictíocht ar fud na heagraíochta agus a fheidhmeanna á bhfeidhmíú aige, ina fhachtóir ríthábhachtach. Dá réir sin, is é seo cur chuige a spreagann agus a éascaíonn foireann ceannaireachta na hOifige.

Tá príomhshruthanna oibre na hOifige leagtha amach sa Tábla thíos, mar aon le sonraí faoin áit a bpléitear go príomha le gach sruth oibre sa Tuarascáil seo.

Tábla 4: Príomhshruthanna oibre

Sruth oibre	Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha	Caibidil
Comhlíonadh le dlí na gcuideachtaí a spreagadh	Sa chéad ásc, is ar an Aonad Tathanta atá freagracht as comhlíonadh le dlí na gcuideachtaí a spreagadh. Mar sin féin, déanann an tAonad Tathanta teagmháil le hAonaid eile lena mbaineann d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí ar fiú tionscnaimh dhírithé tathanta iad a shainaithint.	2
Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a mholadh	Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí OSFC d'aonad amháin nó níos mó ná aonad amháin. I gcoitinne áfach, déanfar forbairt na n-aighneachtaí a chomhordú tríd Aonaid Dlí nó Tathanta.	2
Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar thuairiscí leachtaitheoirí	Déanann an tAonad Dócmhainneachta athbhreithniú, scrúdú agus breithniú ar thuairiscí leachtaitheoirí. Déanann cásoifigigh thaithíochá dócmhainneachta cinntí ar cé acu chun nó gan faoiseamh a dheonú maidir le stiúrtóirí cuideachtaí de bhun moltaí leachtaitheora i gcomhar le cuntasóirí agus comhairleoirí dlí an OSFC, sa chás gur cuí.	3
Scrúdú ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte	Cuireann an tAonad Dócmhainneachta beartas i bhfeidhm, chomh maith, chun scrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte a mbíonn dlíeanais shuntasacha acu agus cinntí a dhéanamh maidir le stiúrtóirí a dhícháiliú nó gan iad a dhícháiliú.	3
An Creat Gealltanais a chur i bhfeidhm	Ó Mheitheamh 2015 ar aghaidh, cruthaíonn an sruth oibre seo gné lárnach agus ríthábhachtach d'fheidhmeanna an Aonaid Dócmhainneachta agus cuimsíonn sé nósanna imeachta breise riaracháin a bhaineann leis an gCóras Gealltanais chun srian a chur ar stiúrtóirí cuideachta agus iad a dhícháiliú. Eascraíonn coigilteas an-suntasach costais agus an tAcht a chur i bhfeidhm níos éifeachtaí, faoi mar a mbaineann sé le dócmhainneacht.	3
Scrúdú gearán agus tuairiscí reachtúla	Tá freagracht ar an fheidhm Forfheidhmiú as gearáin agus tuairiscí reachtúla (ar nós tuairiscí faoi chionta indiotáilte ó iniúchóirí, mar shampla) a scrúdú. Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thagann aníos, féadfaidh an fheidhm Forfheidhmiú: <ul style="list-style-type: none"> » aghaidh a thabhairt ar an saincheisteanna é féin, m.sh., trí bhíthin coigeartú/leasú deonach nó trí chumhachtaí áirithe de chuid chumhachtaí reachtúla an Stiúrtóra á n-úsáid; » an cheist a ainmniú a bheith le tuilleadh imscrúdaithe; » an cheist a tharchur chuig an Aonad Dócmhainneachta, m.sh., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna i gceist le cuideachta dhócmhainneach; » an cheist a tharchur chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile. 	3
Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta	Den chuid is mó, déanann an feidhm Forfheidhmithe i gcomhar le feidhm Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta a bhainistiú. Comhbhainistiú feidhmeanna Dócmhainneachta agus Forfheidhmithe, arís i gcomhar le Dlíodóirí Forfheidhmithe, dlíthíocht shibhialta, ar nós dhícháiliú stiúrtóirí cuideachtaí a baineadh as an gClár ¹² le linn dóibh fiachais neamhscaoilte a bheith acu a iarraidh.	3
Imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh	Déanann Aonad na nGardaí imscrúdú ar shárúithe coiriúla féideartha ar dhlí cuideachtaí i gcomhar leis na hAonaid Forfheidhmithe agus Foireinsice Digítí. A luaithe is a dhéantar cinneadh chun tús a chur le himeachtaí coiriúla a choimre, éiríonn an t-ionchúiseamh ina ionchúiseamh comhoibríthe idir Aonaid Forfheidhmithe, Dlí agus an Garda. I gcás imscrúduithe in atáthar ionchúiseamh ag brath a dhéanamh ionchúiseamh ar díotáil, baineann comhoibríú idir feidhme Forfheidhmithe, Garda agus Dlí. In imthosca ina ndéanann an SIP, tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe faoi mar a bhí sé curtha ag an Oifig, cinneadh chun ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, bíonn freagracht ar Aonaid Forfheidhmithe agus an Garda go príomha as tacaíocht ina dhiaidh sin a chur ar fáil d'Oifig an SIP (mar shampla, maidir le nochtadh leis an gcosaint).	3
Maoirseacht ar iompar leachtaitheoirí	Is éard atá i ngníomhaíochtaí a dhéantar chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (ar nós, mar shampla, léiriú leabhar agus taifead leachtaitheoirí a iarraidh) ná iarracht chomhoibríoch idir an feidhm Dócmhainneachta agus an feidhm Forfheidhmithe.	3
Soláthar seirbhísí tacaíochta	Is é an tAonad Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar. Tá freagracht ar gach Aonad as cabhrú leis an Aonad Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibleagáidí OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí (m.sh., i réimsí an tsoláthair, na nósanna imeachta imréitigh cánach, nósanna imeachta, srl.).	4
Bainistíocht agus forbairt caidrimh	Cé go mbeidh méid níos mó idirphlé le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ag Aonaid áirithe ná a bheidh ag aonaid eile, de bhí chineál a n-oibríochtaí príomha, is amhlaidh nádúr idirnasctha na heagraíochta go bhfuil ról ag gach Aonad i mbainistíocht agus i bhforbairt caidrimh leanúnach.	2

12. Féach ar www.cro.ie le haghaidh tuilleadh eolas faoin Clár.

2

TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS AR DHUALGAS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINNEANN FAOIN DLÍ CUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN



Réamhrá

Soláthraítear sonraí sa Chaibidil seo faoi na príomhstraitéisí ar bhféachadh an Oifig dóibh, agus na príomhghníomhaíochtaí a rinne an Oifig le linn na bliana faoi athbhreithniú chun an sprioc thuasluaite a chur chun cinn. Go hachomair, áiríodh ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí sin:

- forbairt foilseachán agus ábhar treorach eile;
- páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí for-rochtana lena n-áirítear cuir i láthair a sheachadadh, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais agus déileáil le fiosrúcháin um dhlí cuideachtaí maidir le raon ceisteanna ó bhail an phobail;
- feabhsuithe reachtaíochta agus beartais a mholadh; agus
- caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt.

Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana

Foilseacháin

I mí Nollag na bliana 2020, d'fhoilsigh an tAonad Tathanta Treoir Aonbhaill a dhaingnigh na seacht leabhrán faisnéise a bhí ar fáil cheana féin. Is foinse aon-stad faisnéise í an Treoir Aonbhaill seo, a thugann an fhaisnéis le chéile faoi phríomhról agus fhreagrachtaí príomhpháirtithe leasmhara na cuideachta.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, eisíodh thart ar 1,500 cóip chrua de fhoilseacháin éagsúla na hOSFC, Leabhráin Faisnéise agus Treoracha Tapa den chuid is mó, do pháirtithe leasmhara.

Seimineáir agus taispeántais

Príomhghné de straitéis tathanta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Baineann sé seo, i measc nithe eile, le seachadadh cur i láthair agus urlabhraí chuig grúpaí geallsealbhóirí, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí inar dhócha go mbeadh fothacair amháin nó níos mó de lucht éisteachta/féachana na hOifige ann. Sainaithe an Oifig roinnt toghcheantair mar a bheith ina lucht féachana/éisteacha sprice, lena n-áirítear:

- daoine a bhfuil corprú á bhreathnú acu nó daoine a chorpraigh cuideachtaí le déanaí;
- comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí poiblí;
- gairmithe páirteach i gcomhairle a chur ar fáil do chuideachtaí agus do stiúrtóirí cuideachtaí, atá breá ábalta, de bhua na ngníomhaíochtaí sin, teachtaireacht um chomhlíonadh OSFC a athsheachadadh chuig cliant agus mar sin lucht féachana/éisteacha na hOifige a mhéadú go mór;
- mic léinn atá cláraithe ar chláir ghnó faoi láthair ar leibhéal fochéime agus iarchéime, tuarfar go mbeidh a lán díobh ina stiúrtóirí cuideachta nó ina gcomhairleoirí gairmiúla iad féin ar deireadh; agus
- an earnáil phobail agus an earnáil dheonach, nach bhfuil eolas chomh forbartha acu de ghnáth, de bharr a gcineáil, mar ghnó ginearálta, ar an dlí cuideachtaí agus, mar thoradh air sin, is gnáth go mbíonn treoir de dhíth orthu ar an dlí cuideachtaí agus ar chúrsaí rialachais chorparáidigh lena mbaineann.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, sholáthair foireann na hOifige 12 cur i láthair (2019: 30) do lucht féachana thart ar 1,000 duine. Dhéileáil go leor de na láithreoireachtaí seo go sonrach le hábhair ar nós ról agus dualgais stiúrtóirí cuideachta agus ról na hOSFC tathanta, dócmhainneachta agus forfheidhmithe.

Rinneadh ionadaíocht don Oifig ag ceithre thaispeántas chomh maith, ar an iomlán, i rith na bliana (2019: 18).

Leagtar sonraí amach faoi na cuir i láthair a soláthraíodh agus na taispeántais ar freastalaíodh orthu, faoi seach, i rith na bliana faoi athbhreithniú, ag Agusín 2.

Ní gan ionadh a raibh tionchar suntasach ag na srianta a tugadh isteach i Márta 2020 mar chuid den fhreagairt sláinte poiblí ar Covid-19 ar chláir imeachtaí na hOSFC. Le linn an chuid eile den bhliain 2020, ghlac an OSFC páirt níos fairsinge in imeachtaí cianda chun a húdarás abhcóideachta a chur chun cinn.

Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt

Lena cuspóirí reachtúla agus spriocanna gaolmhara a chur chun cinn, féachann an Oifig le caidrimh láidre agus éifeachtúla a fhorbairt agus a choinneáil le raon príomhpháirtithe leasmhara. Chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, áirítear ar phríomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas, an tAire, an Roinn, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla do chuideachtaí agus do stiúrthóirí agus oifigigh cuideachtaí. Tá achoimre déanta thíos ar idirghníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana le cuid dá príomhpháirtithe leasmhara.

Baill den Oireachtas

Déanann baill den Oireachtas, agus/nó ó Choistí arna mbunú ag an Oireachtas, cumarsáid agus uirill leis an Oifig, ó thráth go chéile. Cuirtear buairt in iúl, de ghnáth, sa chumarsáid seo maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil dlí cuideachta á shárú, baineann siad le cásanna atá á n-athbhreithniú agus/nó iarrataí a bhíonn iontu ar ghníomhartha áirithe a dhéanamh maidir le daoine/aonáin áirithe. Cé go ndéantar breithniú cúramach ar an gcumarsáid agus na huirill uile siúd – agus a mhéid agus is indéanta, cuirtear gach cúnadh ar fáil do Theachtaí agus Seanadóirí – tá an OSFC go hiomlán neamhspleách ar an gcóras polaitíochta. Mar dhea, téann an OSFC i mbun gníomh ar bith trí thagairt a dhéanamh do na bunfhírí agus na bunchúinsí, seachas trí thagairt a dhéanamh d'fhoinsé an ghearáin.

An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíocht

Lean foireann na hOifige le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe sa Roinn ar fud na bliana ar chúrsaí leasa choitinn.

Oifig Clárúcháin Cuideachtaí (“OCC”)

Mar stór poiblí faisnéise ar chuideachtaí agus oifigigh chuideachta, tá ról ríthábhachtach ag an OCC maidir le tacaíocht a thabhairt don Oifig ina gcuid oibre. Chomh maith le teacht le chéile go rialta ar chúrsaí leasa choitinn, soláthraíonn foireann an OCC fianaise go rialta in imeachtaí OSFC agus, nuair a shaináithnítear é, ar shárúithe *prima facie* an dlí cuideachtaí.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina chomhpháirtí tábhachtach de chuid na hOifige maidir lena hobair a chur ar aghaidh, go háirithe maidir le cúrsaí a bhaineann le dócmhainneacht. Tá Meabhrán Tuisceana ag OSFC agus ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá bunaithe ar a reachtaíocht bhunúsach faoi seach, ar chumas gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an comhlacht eile sa chás ina bhfuil siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha maidir le sainchúram an eile.

Bíúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (“BNGSCE”)

Faoi mar a luadh i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear roinnt Gardaí ar líon foirne na hOifige. Cé gur ábhar do bhainistíocht an Gharda Síochána é, is gnách go leithdháileadh na Gardaí seo ón BNGSCE. Sa chomhthéacs sin, tagann an Oifig le chéile le lucht bainistíochta sinsearaí BNGSCE ar bhonn rialta ar chúrsaí leasa choitinn.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (“ÚMICÉ”)

De réir fhorálacha an Achta, tá an Stiúrthóir ina chomhalta ar ÚMICÉ agus tá an ceart aige dá réir sin comhalta a ainmniú ar a Bhord Stiúrthóirí. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, tháinig téarma ballraíochta an Uasail Conor O'Mahony, Ceann Seirbhísí Dócmhainneachta agus Corparáideacha na hOifige, i gcrích. D'ainmnigh mé an tUasal David Hegarty, Bainisteoir Punainne Forfheidhmithe san OSFC, mar bhall de Bhord Stiúrthóirí ÚMICÉ. Ceapadh an tUasal Hegarty mar bhall Choiste Riosca & Iniúchta an Bhoird freisin. Chomh maith leis an gcaidreamh reachtúil seo mar atá mínithe thuas, bíonn an Oifig i dteagmháil go rialta le IAASA ar ábhair leasa choitinn.

An Grúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Cuideachtaí (“GADC”)

Comhlacht comhairleach a bunaíodh go reachtúil is ea an GADC¹³ don Aire ar chúrsaí a bhaineann leis an dlí cuideachtaí. Tá an Stiúrthóir ina chomhalta den GADC agus déantar ionadaíocht ar son OSFC ag cruinnithe iomlánacha agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram.

- **Dócmhainneacht Chorporáideach**

- » Tá an tUasal O’Mahony agus tUasal Hegarty ina bhall de Choiste Dócmhainneachta Chorporáideach an GADC, atá sé de chúram air athbhreithniú na reachtaíochta ar an foirceannadh cuideachtaí.

- **Rialachas Corporáideach**

- » Tá an tUasal O’Mahony ina bhall den Choiste Rialachais Chorporáidigh, atá sé de chúram air reachtaíocht a bhaineann le saincheistanna rialachais chorporáidigh a athbhreithniú.

- **Comhlíonadh agus Forfheidhmiú**

- » Tá an Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar an bhFo-choiste um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú, atá sé de chúram air gnéithe comhlíonta agus forfheidhmithe reatha de dhlí na gcuideachtaí a scrúdú.

Mar thoradh ar cheistanna a bhaineann le Covid-19, bhí an GADC an-ghníomhach i rith na bliana faoi athbhreithniú. Thug Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19) 2020 éifeacht do roinnt moltaí a rinne an Grúpa, ina measc forálacha lena gceadaítear cruinnithe fíorúla a thionól, leathnú na spriocdhátaí chun Cruinnithe Ginearálta Bliantúla na gcuideachtaí a thionól agus fadú tréimhse ama na Scrúdaitheoireachta. D’fhoilsigh an Grúpa an Tuairisc ar Struchtúr Dlíthiúil le haghaidh Cuideachtaí Beaga a Tharrtháil chomh maith.

Grúpa Athbhreithnithe ar Struchtúir in Aghaidh Calaoise agus Caimiléireachta

Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe seo, a bhfuil an t-iar-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an tUasal James Hamilton, mar chathaoirleach air, mar chuid de phacáiste beart mhí Dheireadh Fómhair 2017 an Rialtais a bhí dírithe ar bharr feabhais a chur ar chumas na hÉireann chun dul i ngleic le coireacht chorporáideach, gheilleagrach agus rialála. Comhaltaí den Ghrúpa iad an Stiúrthóir agus an tUasal David Hegarty. Ghlac an Rialtas le Tuairisc an Ghrúpa Athbhreithnithe, ina raibh 25 moladh agus a d’fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt i mí na Nollag 2020. Déantar cur síos ar ghnéithe ábhartha den Tuairisc sa chéad Chaibidil eile.

Banc Ceannais na hÉireann

Chuir OSFC agus an Banc Ceannais Meabhrán Tuisceana (“MT”) i bhfeidhm lenar féidir le gach comhlacht, bunaithe ar a reachtaíocht bhunaithe faoi seach, faisnéis a atreorú chuig an gcomhlacht eile sa chás go bhfuil siad sásta go bhfuil baint ag an bhfaisnéis sin le sainchúram an chomhlachta eile.

Gairm na Cuntasaíochta

Tá ról tábhachtach ag gairm na cuntasaíochta chun cuidiú le hobair na hOifige, trí oibleagáidí tuairiscithe na n-iniúcháirí (a mínítear tuilleadh sa chéad Chaibidil eile) agus tacaíocht níos leithne na gairme do theachtaireacht um chomhlíonadh na hOifige, agus an teachtaireacht sin a chur in iúl. Mar sin, féachann an Oifig le hoibriú go dlúth leis na comhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla chun tacú leo lena chinntiú go bhfuil a gcomhaltaí ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus iad a chur ar an eolas faoin gcúnamh is féidir leis an Oifig a thabhairt dóibh siúd de chliaint a gcomhaltaí a bhfuil poist acu mar stiúrthóirí agus oifigigh chuideachta.

An Cumann Idirnáisiúnta Rialtóirí Dócmhainneachta (“CIRD”)

Comhlacht idirnáisiúnta is ea CIRD a thugann le chéile taithí agus saineolas comhchoiteann rialtóirí dócmhainneachta náisiúnta ó 26 dlínse ar fud an domhain. Fóram luachmhar is ea CIRD, dá bhfuil an Oifig ina comhalta ó 2003, chun idirchaidreamh agus comhar a chur chun cinn idir a chomhaltaí agus chun faisnéis a chomhroinnt i réimsí leasa choitinn agus dea-chleachtas.

13. www.clr.org

Gairm an dlí

Bíonn na dlíodóirí san Oifig i dteagmháil go rialta lena gcomhghleacaithe tríd an Líonra um Fhorfheidhmiú Rialála.

Lucht fóiréinsice digiteach i bhforfheidhmiú an dlí

Bíonn Speisialtóir Fóiréinseach Digiteach na hOifige i dteagmháil go rialta lena chomhghleacaithe trí bhallaíocht a dhéanamh ar líonra de ghairmithe fóiréinseach digiteacha atá ag obair sa réimse rialála/forfheidhmithe dlí.

Na meáin

Déileálann an Oifig le méid suntasach d'fhiosraithe na meán gach bliain de ghnáth. Cé go bhfuil an Oifig eolach faoin ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag an meáin maidir le díospóireacht ar an dlí cuideachtaí, ceisteanna um chomhlíonadh agus um rialachas go ginearálta a chur in iúl, agus go ndéanann siad a ndícheall nuair is féidir déileáil le fiosruithe ginearálta, ní mór dóibh a bheith an-chúramach chomh maith sa dóigh a ndéanann siad é. Níl cead ag an Oifig faoina reachtaíocht rialaithe trácht poiblí ar bith a dhéanamh maidir le stiúradh imscrúduithe, ach amháin i dtaca le faisnéis atá sa réimse poiblí cheana. Chomh maith leis sin, tá an Oifig eolach faoi chearta daoine aonair agus daoine eile a thagann roimh na Cúirteanna, agus, dá bhrí sin, ní eisíonn sí tuarascálacha um dhul chun cinn nó faisnéis ar bith eile ar a gníomhaíocht forfheidhmiúcháin dá bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh do chaingne dlí amach anseo.

3

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORÁLACHA AGUS FORFHEIDHMIÚ



Struchtúr na Caibidle seo

Tá an Chaibidil seo struchtúrtha ar bhealach ina ndéantar, in sna trí Chuid a leanas, ionchuir, tréchuir agus aschuir na hOifige a mhionsonrú.

CUID A: IONCHUIR

IONCHUIR SHEACHTRACHA

Cuirtear gníomhaíochtaí na hOifige maidir le haghaidh a thabhairt ar iompraíocht mhídhleathach agus neamhfheagrach chun cinn go méid substaintiúil, go díreach agus go hindíreach, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Is é sin feidhm toisc:

- go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe reachtúla don Oifig ag líon páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúcháirí, scrúdaitheoirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a dhéanann soláthar d'atreorú faisnéise, atá rúnda seachas sin, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin sa chás go meastar go bhfuil faisnéis den sórt sin ábhartha d'fheidhmeanna na n-eintiteas eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal gach bliain.

Sa chomhthéacs sin, is iad seo a leanas na príomh-ionchuir a fuarthas ó fhoinsí seachtracha le linn na bliana:

Tábla 5: Ionchuir ó fhoinsí seachtracha

	2020	%	2019	%
Tuairiscí reachtúla				
Tuairiscí (tosaigh) ó leachtaitheoirí (a682)	426		558	
Tuairiscí (iardain) ó leachtaitheoirí (a682)	243		314	
Iomlán tuairiscí ó leachtaitheoirí (a682)	669	72	872	67
Tuairiscí ó leachtaitheoirí ar coiriúileacht féideartha (a723)	0	0	1	1
Tuairiscí indíotáilte ó iniúcháirí (a393)	75	8	105	8
Tuairiscí ó scrúdaitheoirí (a534)	15	1	27	2
Tuairiscí indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla (a931)	0	0	0	0
Tuairiscí neamh-indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla	0	0	0	0
Tarchuir				
Tarchuir ó pháirtithe seachtracha	10	1	12	1
Gearáin				
Gearáin ó bhaill den phobal	149	16	254	19
Eile				
Nochtadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ¹⁴	1	1	8	1
Iarratais a lorgaíonn athrú ar dheireadh na bliana cuntasaíochta ¹⁵	5	1	20	1
Líon iomlán ionchuir ó fhoinsí seachtracha	924	100%	1,299	100%

14. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ar an Oifig a fhoilsiú de bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, leagtar amach é níos déanaí sa Chaibidil seo faoin gceannteideal Aschuir.

15. Alt 288(10)(c)

Tá tuilleadh eolais tugtha thíos ar na príomh-ionchuir sheachtracha a bhrúigh ar aghaidh gníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana.

Tuaraisc alt 682 leachtaitheoirí

Réamhrá – forbheathnú ar chóras tuairiscithe leachtaitheoirí

Go hachomair, ceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá faoi leachtú dócmhainneach¹⁶ leis an dlí¹⁷ tuairisc a chur ar fáil don Oifig maidir leis na cúinsí lenar theip ar an gcuideachta agus ar iompar duine ar bith a bhí ina stiúrthóir ar an gcuideachta le linn an dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir dul ar aghaidh agus iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar shríonadh¹⁸ gach duine de na stiúrthóirí, mura dtugann an Oifig faoiseamh dóibh ón oibleagáid sin¹⁹.

Is iad seo a leanas aidhmeanna bunúsacha an chórais tuairiscithe reachtúil:

- méid áirithe cosanta a chur ar fáil don phobal trína chinntiú nach mbeidh daoine faoinar chinn an Ard-Chúirt nár fheidhmigh siad go hionraic agus/nó go freagrach an tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, maidir leis an tréimhse éigeantach cúig bliana um shríonadh, ábalta gníomhú ach mar stiúrthóirí ar chuideachtaí eile a chomhlíonann íoscheanglais um chaipitliú; agus
- a chinntiú gur féidir le daoine a measadh gur fheidhmigh siad, sa tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, go hionraic agus go freagrach leanúint le bheith páirteach i ngníomhaíocht fiontraíochta trí chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan smachtbhanna nó pionós.

Agus a ról á chomhlíonadh aici maidir leis sin, bíonn an Oifig ag súil le leachtaitheoir an fhaisnéis ar fad atá ábhartha le cinneadh iomchuí a dhéanamh a chur ar fáil di. Spreagann go leanúnach an Oifig leachtaitheoir chun moltaí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh maidir le faoiseamh/gan aon fhaoiseamh faoi threoir thorthaí a n-imscrúduithe.

Breithníonn an Oifig ar fhaoiseamh a thabhairt sa chás go gcuireann leachtaitheoir bonn cirt bunaithe ar fhianaise ar aghaidh le tacú le héileamh gur fheidhmigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachta á ndéanamh aige nó aici. Agus a cinntí á ndéanamh aici, is mian leis an Oifig a chinntiú nach gcaithfidh stiúrthóir dul faoi ualach éisteacht na hArd-Chúirte gan ghá sa chás go bhfuil iompraíocht ionraice agus fhreagrach léirithe go soiléir aige nó aici agus gnóthaí an fhiontair ar theip air á ndéanamh aige nó aici. I ngníomh, feidhmíonn an Oifig mar scaigaire chun réidh a fháil leis an ngá le breithniú na hArd-Chúirte ar na cásanna sin a ndealraítear fúthu nach dteastaíonn a haird.

Tá sé tábhachtach a shonrú áfach, nach hionann cinntí OSFC maidir le ‘gan aon fhaoiseamh’ nó ‘faoiseamh páirteach’ agus go bhfuarthas mí-ionracas nó neamhfreagracht i dtaca leis na stiúrthóirí lena mbaineann, agus bheadh sé iomchuí tátal nó líomhain dá leithéid a bhaint astu. Is cúrsa don Ard-Chúirt amháin é (i ndiaidh aighneachtaí an leachtaitheora agus an stiúrthóra (na stiúrthóirí) faoi seach a éisteacht) a chinneadh ar cheart nó nár cheart Dearbhú um Shríonadh a dhéanamh maidir le stiúrthóir cuideachta áirithe ar bith.

Gealltanais maidir le Sríonadh agus Dícháiliú

Ó 2015, tá creat reachtúil i bhfeidhm faoinar féidir le daoine aonair, a d’fhéadfadh a bheith orthu dul os comhair imeachtaí Cúirte ina áit sin, dul chun na Cúirte a sheachaint trí aontú go deonach le sríonadh nó dícháiliú de réir mar is infheidhme (i.e., trí Ghealltanais dlíthiúil chuige sin a chur ar fáil).

Cuirtear rogha ar fáil san Acht do OSFC cibé acu Gealltanais a thairiscint nó gan Gealltanais a thairiscint. Ní mór tairiscint a dhéanamh san bhfoirm fhorordaithe, an leagan amach agus an t-ábhar atá ordaithe leis an Ionstraim Reachtúil (agus “Fógra” tugtha ar dhoiciméad na tairisceana). Ní mór breac-chuntas a leagan amach, *inter alia*, san Fhógra, maidir leis na cúinsí, na fíricí agus na líomhaintí lena mbunaítear na forais le haghaidh sríonadh nó dícháiliú mar aon le sonraí faoi na héifeachtaí dlíthiúla a bhaineann le Gealltanais don duine a sholáthraíonn é.

16. Bíonn cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sí ábalta a fhiacha a íoc nuair atá siad dlite

17. Alt 682 d’Acht na gCuideachtaí 2014

18. Sa chás go bhfuil sríonadh ar dhuine aonair faoi alt 819 d’Acht na gCuideachtaí 2014, ní féadfaidh léi/leis gníomhú ach mar stiúrthóir nó rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an chuideachta lena mbaineann íoscheanglais áirithe um chaipitliú. I gcás cuideachta poiblí tteoranta teastaíonn scairchaipiteal glaoite íosta €500,000. I gcás cuideachta ar bith eile, is é €100,000 an figiúr comhfhreagrach.

19. Tá próiseas agus raon feidhme tuairiscithe leachtaitheoirí léirithe sna trí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinneadh D/2002/3 arna fhorlíonadh le Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Faisnéise I/2009/1. Tá na doiciméid sin ar fáil ag www.odce.ie

Níl oibleagáid ar bith ar fhaighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh (i.e., an Gealltanais a chur ar fáil). Mar sin féin, sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an bhfaighteoir an tairiscint a ghlacadh, caithfidh siad é sin a dhéanamh laistigh de 21 lá (nó laistigh de cibé tréimhse níos faide a cheadódh OSFC). Le linn na tréimhse tairisceana sin, ní fhéadfaidh OSFC nó duine ar bith eile atá ar an eolas faoi eisiúint an Fhógra imeachtaí a thionscnamh maidir le srianadh agus dícháiliú fhaighteoir an Fhógra de bhun na gcúinsí, na bhfíricí agus na líomhaintí arna leagan amach san Fhógra.

Sa chás go gcinneann faighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh agus Foirm um Ghlacadh Gealltanais sínithe go cuí a chur ar ais, beidh siad faoi réir Dearbhú/Ordú um Shrianadh nó um Dhícháiliú ar an mbonn céanna is dá mba rud é gur fhorchuir an Ard-Chúirt srianadh nó dícháiliú. Dá bhrí sin, beidh sárú ar bith ina dhiaidh sin ar théarmaí an srianta nó an dícháilithe ina chion coiriúil agus beidh sé mar an gcéanna le sárú ar shrianadh nó ar dhícháiliú arna bhforchur ag an gCúirt.

In ainneoin go bhféadfadh sé gur sholáthair stiúrthóirí cuideachta nó daoine eile Gealltanais go deonach, féadfaidh siad fós, mar sin féin, iarratas a dhéanamh leis an gCúirt – ag am ar bith le linn thréimhse an srianta nó an dícháilithe – ag lorg faoiseamh a fháil, go hiomlán nó i bpáirt, ó théarmaí an srianta nó an dícháilithe, de réir mar is infheidhme. Cé go mbreithneoidh OSFC iarratais ar bith den sórt sin de réir cáis i gcomhthéacs na bhfíricí agus na gcúinsí faoi leith, ag féachaint don ghá seasamh le sláine an phróiseas, rachaidh OSFC, i bhformhór na gcásanna, i gcoinne iarratas dá leithéid.

Agus tagairt á déanamh do dhícháiliú, déantar foráil sa reachtaíocht gurb é cúig bliana an uastréimhse don dícháiliú is féidir le OSFC a thairiscint trí Ghealltanais. Dá bhrí sin, i gcúinsí ina bhfuil sé de thuairim OSFC go bhfuil gá le tréimhse dhícháiliúcháin níos mó ná cúig bliana (cinneadh a dhéantar faoi threoir fhíricí agus chúinsí faoi leith gach cáis agus dlí-eolaíochta ábhartha ar bith), ní dhéanfar tairiscint. Seachas sin, pléifear leis an gcúrsa trí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt.

Cinntíonn an creat gealltanais go ndéileáiltear le stiúrthóirí cuideachta, a ndeimhnítear gur sháraigh siad an tAcht agus a rachfar i mbun imeachtaí srianta nó dícháilithe ina leith, ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach riaracháin gan an gá a bheith leis go mbíonn na Cúirteanna bainteach. I ndiaidh gur chuir an OSFC an próiseas gealltanais i bhfeidhm, ghlac an OSFC le 569²⁰ gealltanais le haghaidh srianta agus dícháiliú suas go dtí an 31 Nollaig 2020. Cé go bhfuil ualach riaracháin suntasach breise ar an OSFC a eascraíonn as an bpróiseas seo, tá coigilteas substainteach costais agus ama mar thoradh air don leachtaitheoir agus na stiúrthóirí cuideachta a bhíonn i gceist, anuas ar an gcóras Cúirteanna.

Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Faoi mar a fheictear ón Tábla thíos:

- léirigh líon iomlán na leachtaithe dócmhainneacha (i.e. creidiúnaithe agus leachtaithe Cúirte le chéile) ag 492 laghdú 8% ar 2019, agus
- tháinig laghdú 5% ar leachtuithe sócmhainneach, arbh ionann iad agus 74% de na leachtaithe go léir, thar leibhéal 2019.

Tábla 6: Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2014 – 2020

	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Leachtuithe creidiúnaithe	929	746	581	613	475	474	443
Leachtuithe Cúirte	78	70	61	63	59	62	49
Iomlán leachtuithe dócmhannacha	1,007	816	642	676	534	536	492
Leachtuithe Ball	1,001	1,034	1,112	1,040	1,269	1,474	1,397
Iomlán leachtuithe sócmhannacha²¹	1,001	1,034	1,112	1,040	1,269	1,474	1,397
Leachtuithe iomlána	2,008	1,850	1,754	1,716	1,803	2,010	1,889

20. Tá 478 Gealltanais Srianta, 26 Ghealltanais Dícháilithe agus 65 Gealltanais inar iontráil stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte i gceist leo.

21. Cé nach bhfuil ról ar bith ag an Oifig maidir le leachtuithe sócmhainneach (is é sin leachtuithe ball), áirítear sonraí díobh ar mhaithe comhláine.

Tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí a fuarthas – 2020

Faoi mar a fheictear ó Thábla 5, fuarthas 669 tuairisc alt 682 leachtaitheoirí san iomlán le linn na bliana (2019: 872), dá raibh:

- 426 díobh ina dtuairiscí tosaigh²² (2019: 558); agus
- 243 díobh ina dtuairiscí ina dhiaidh sin²³ (2019: 314).

Cuirtear sonraí ar fáil sa Tábla thíos maidir le leithdháileadh earnála na gcuideachtaí i dtaca le tuairiscí tosaigh na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana.

Tábla 7: Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí a fuarthas – 2020

Earnál	2020		2019	
	Uimhir	%	Uimhir	%
Mórdhíol & miondhíol	168	39	192	34
Foirgníocht	56	13	69	12
Gnóthas pobail, sóisialta & eile	32	8	44	8
Déantúsaíocht & priontáil	22	5	27	5
Óstáin, barrana & lónadóireacht	66	15	72	13
Margaíodh & bolscaireacht	2	0	7	1
Éastát réadach & lígean ar cíós	13	3	34	6
Teicneolaíocht & teileachumarsáid	20	5	38	7
Airgeadais & léasú	26	6	39	7
Iompar & dailiúcháin	11	3	14	3
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	4	1	9	2
Earcaíocht & seirbhísí slándála	6	1	13	2
Iomlán	426	100%	558	100%

Tráthúlacht thuairisciú na leachtaitheoirí

Bhí 87% de na tuairiscí a bhí dlite le linn na bliana faighte faoi dheireadh na bliana agus ní raibh ach 66 chéad tuairisc amuigh. Is íseal an leibhéal loiceadh leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin chuí, suas go dtí cúiseamh coiriúil agus é sin san áireamh, a bheith mar thoradh ar sháruithe leanúnacha mar sin ar oibleagáidí reachtúla.

Caighdeán um thuairisciú na leachtaitheoirí

Mar a tuairiscíodh sna blianta roimhe, measadh go raibh caighdeán thuairiscí na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana an-sásúil ar fad. Mar sin féin, ní raibh cáilíocht an tuairiscithe i gcásanna áirithe den chaighdeán a theastaigh. Sa chás go dtagann sé seo, déileálfaí leo thrí rannpháirtíocht leis na cleachtóirí ábhartha. Bheadh formhór na leachtaitheoirí sin ina mball gComhlacht Cuntasóireachta Forordaithe agus, mar sin, faoi réir maoirseachta ag a gcomhlachtaí gairmiúla.

22. Is éard is tuairisc tosaigh ann an chéad tuairisc a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de sé mhí dá cheapachán/ ceapachán. I bhformhór na gcásanna, bíonn an cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt nó gan faoiseamh a thabhairt bunaithe ar an tuairisc seo.

23. I roinnt cásanna teastaíonn tuairisc ina dhiaidh sin a fháil ón leachtaitheoir nuair a bhíonn a (h)imscrúduithe curtha ar aghaidh níos faide. Sa chás go gceaptar go bhfuil gá le tuairisc ina dhiaidh sin, tugtar 'faoiseamh ag an am seo' maidir leis an tuairisc tosaigh de ghnáth.

Cáilíocht le haghaidh ceapadh mar leachtaitheoir nó scrúdaitheoir

Tá alt 633 den Acht, lenar tugadh isteach rialacha úra le haghaidh cáilíocht le ghníomhú mar leachtaitheoir, ábhartha i gcomhthéacs an mhéid thuas chomh maith. Sainítear san Acht cúig chatagóir daoine aonair atá i dteideal gníomhú mar leachtaitheoir. Is iad sin:

- i. comhaltaí Comhlacht Cuntasóireachta Forordaithe a bhfuil deimhniú cleachtais aige nó aici;
- ii. aturnaetha a bhfuil deimhniú cleachtais acu;
- iii. comhaltaí comhlachtaí gairmiúla ar bith eile atá aitheanta chun na críche sin ag an ÚMICÉ (ceann ar bith faoi láthair);
- iv. daoine atá cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir i stát LEE²⁴ eile; agus
- v. daoine a bhfuil taithí phraicticiúil acu ar fhoirceannadh agus eolas acu ar an dlí ábhartha roimh thosach feidhme an Achta.

Bhí iarratais ar údarú de bhun (v) thuas le bheith curtha faoi bhráid ÚMICÉ faoin 1 Nollaig 2017. D'údaraigh ÚMICÉ 22 duine aonair, ar an iomlán, faoin gcatagóir seo.

Chomh maith leis na ceanglais um cháilíocht atá forordaithe in alt 633, déantar foráil in alt 634 go gcaithfidh gach leachtaitheoir árachas slánaíochta gairmiúla (“ÁSG”) imleor a bheith i bhfeidhm acu. D'eisigh an ÚMICÉ Rialacháin ina bhforordaítear an leibhéal riachtanach ÁSG a theastaíonn. Tá na Rialacháin sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚMICÉ²⁵.

Déantar foráil i bhforáil ghaolmhar, alt 519 den Acht, nach féidir le duine gníomhú mar scrúdaitheoir ach amháin má tá siad cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir.

Dáileadh earnála ionchur seachtrach eile (i.e. ionchuir sheachtracha seachas tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí)

Mar a fheictear ó Tábla 5, i gcomhiomlán b'ionann na hionchuir sheachtracha sin seachas tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí agus 28% (2019: 33%) de na hionchuir sheachtracha a fuarthas le linn na bliana. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar dháileadh earnála na n-ionchur seachtrach eile sin.

Tábla 8: Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí

Earnáil	2020		2019	
	Líon	%	Líon	%
Éastát réadach & ligean ar cíós	41	16	57	14
Nach cuideachta ann	36	14	81	19
Airgeadais & léasú	40	16	43	10
Mórdhíol & miondhíol	7	3	32	8
Foirgníocht	10	4	23	5
Margaíodh & bolscaireacht	2	1	13	3
Teicnólaíocht & teileachumarsáid	18	7	30	7
Déantúsaíocht & priontáil	14	5	24	6
Gnóthas pobail, sóisialta & pearsanta	29	11	49	12
Árachas, sláinte & obair shóisialta	7	3	18	4
Óstáin, barrana & lónadóireacht	16	6	10	2
Iompar & dailiúcháin	7	3	25	6
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	8	3	6	1
Earcaíocht & seirbhísí slándála	4	2	6	1
Earnáil ghnó eile	16	6	10	2
Iomlán	255	100%	427	100%

24. An Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (Stáit an AE móide Lichtinstéin, an Íoslainn agus an Iorua)

25. <http://iaasa.ie/getmedia/1a9c9ab1-994e-4491-8f6c-6d8a40d27f64/S-I-No-127-of-2016.pdf>

Gearáin

Faigheann an Oifig líonta suntasacha gearán ó bhaill den phobal gach bliain. Le linn na bliana fuarthas 149 gearán ar an iomlán (2019: 254), arbh ionann é sin agus 16% (2019: 19%) de na hionchuir sheachtracha ar fad a fuarthas. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar ábhar na ngearán a fuarthas.

Tábla 9: Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)

	2020	%	2019	%
Bainteach le Cruinnithe Cinn Bhliana Ginearálta/Urghnácha	22	15	25	10
Iompar stiúrthóra (dualgais & chomhdú)	20	13	44	17
Líomhaintí maidir le trádáil mheargánta/calaoiseach/dócmhainneach	24	16	39	15
Líomhaintí brionnú/faisnéis/doiciméidí bhréige a thabhairt	15	10	27	11
Bainteach le fiachas gan íoc	9	6	6	2
Rochtain ar thaifid chuntasaíochta / miontuairiscí cruinnithe	2	1	7	3
Bainteach le clár na gcomhaltaí	11	8	16	6
Bainteach le iniúchadh/iniúcháir	9	6	12	5
Bainteach le glacadóireacht	2	1	2	1
Saincheisteanna bainteach le seoladh	13	9	24	9
Saincheisteanna ginearálta cearta scairshealbhóirí	3	2	5	2
Ag gníomhú mar stiúrthóirí le linn bheith féimheach/srianta/ dícháilithe	0	0	0	0
Cuideachtaí ag trádáil agus iad bainte den Chlár/díscaoilte	3	2	9	4
Bainteach le úsáid míchuí den focail “Teoranta”	1	1	1	1
Leachtú/gníomhaíocht athbheochana	12	8	10	4
Eile	3	2	27	10
Iomlán	149	100%	254	100%

Tuairiscí cionta indíotáilte iniúcháirí

Réamhrá – forbhreathnú ar chóras tuairiscithe iniúcháirí

Déantar foráil in alt 393(1) den Acht, sa chás, agus iniúchadh á dhéanamh acu agus de bhun iniúchadh a bheith á dhéanamh acu, go bhfaigheann iniúcháirí cuideachta faisnéis óna dtagann siad ar an tuairim go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go ndearna an chuideachta, nó oifigeach nó gníomhaí de chuid na cuideachta, cion indíotáilte faoin Acht, go bhfuil ceangal ar na hiniúcháirí an tuairim sin a thuairisciú don OSFC.

Cineál na gcionta amhrasta a tuairiscíodh

Le linn na bliana faoi athbheithniú, fuarthas 75 (2019: 105) tuairisc um chionta indíotáilte ar an iomlán ó iniúcháirí. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar chineál na gcionta amhrasta a cuireadh in iúl sna tuairiscí sin. Ba cheart a shonrú nach dtagann líon na dtuairiscí a fuarthas le líon na gcionta amhrasta a tuairiscíodh toisc go raibh tagairt déanta do níos mó ná cion amhrasta amháin sna tuairiscí i roinnt cásanna.

Tábla 10: Anailís ar chionta indíotáilte a rabhtas in amhras orthu a thuairiscigh iniúcháirí

	2020	%	2019	%
Sárú iasachta stiúrthóirí	17	23	25	24
Mainneachtain leabhair chúí chuntas a choinneáil	4	5	5	5
Ráitis bhréigeach a sholáthair d’iniúcháirí	1	1	0	0
Saincheisteanna bainteach le rochtain ar thaifid chuntasaíochta	0	0	0	0
Gan díolúine iniúchta ar fail	3	4	0	0
Oibleagáid Ráitis Airgeadais Ghrúpa a ullmhú	2	3	2	2
Ráitis airgeadais d’eintitis	45	60	72	68
Falsú leabhair nó doiciméad	3	4	1	1
Iomlán	75	100%	105	100%

Tuairiscí na Scrúdaitheoirí

De bhun alt 534(6) den Acht, sa chás go gceaptar scrúdaitheoir ar chuideachta, soláthróidh sé/sí, a luaithe is féidir i ndiaidh é a ullmhú, cóip dá thuairisc nó dá tuairisc don OSFC. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, fuarthas 15 tuairisc den sort sin (2019: 27).

Tarchuir

Faoi mar a luadh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne lena gceadaítear malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaintí agus teorainneacha cuí eile. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig seo atreuirthe ó chomhlachtaí reachtúla agus ó eintitis eile ó am go chéile. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 10 (2019: 12) tarchuir dá leithéid ó roinnt foinsí.

Tuairiscí um chionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla

Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (“CCAanna”)²⁶

Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag Coiste nó Binse Araíonachta CCA a chreidiúint go bhféadfadh sé go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag duine nuair a bhí an duine sin ina chomhalta de CCA, ceanglaítear ar CCA an cheist a thuairisciú don Oifig²⁷

Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla (“CFGanna”)

Sa chás go bhfaigheann Coiste nó Binse Araíonachta CFG nár choinnigh comhalta a bhfuil scrúdaitheoireacht nó glacadóireacht ar bun aige nó aici taifid chuí, nó má tá forais réasúnta acu a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag an gcomhalta le linn crúdaitheoireachta nó glacadóireachta, ceanglaítear ar an CFG lena mbaineann an cheist a thuairisciú don Oifig.

Meastar na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe bheith mar sin de bhuan aitheantas an ÚMICÉ dóibh mar sin de réir chuid 15 den Acht.

Tagraíonn “Comhlacht forordaithe gairmiúil” i dtaca le hait 448, 558 agus 688 do Choiste Araíonachta nó do Bhinse le Comhlacht gairmiúil forordaithe a bhfuil baint aige le halt 633 (a leagan síos cáilíochtaí chun scrúdaitheoirí agus glacadóirí a cheapadh).

Is iad seo a leanas na comhlachtanna úd:

- CCDC – Comhlachas na gCuntasóirí Deimhniú Cairte
- CCI – Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta
- ICCB – Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta
- ICAPC – Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta
- ICAEW – Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana & sa Bhreatain Bheag
- ICCÉ – Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- ICAS – Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain
- ICDPÉ – Institiúid na gCuntasóirí Deimhniú Poiblí in Éirinn
- Dlí-Chumann na hÉireann

Tháinig Rialacháin I.R. Uimh. 570 de 2018 Acht na gCuideachtaí (Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla) 2018 i bhfeidhm an 19 Nollaig 2018 a bhforordaítear comhlachtaí gairmiúla de bhun Ailt 448 agus 558 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Cumhdaíonn na rialacháin oibleagáidí tuairiscithe comhlachtaí gairmiúla nuair a bhraitheann a mbaill mí-iompar fad a ghníomhaíonn siad mar Ghlacadóirí nó Scrúdaitheoirí. Ní bhfuarthas aon tuairiscí den chineál seo ó CFGanna i rith na bliana (2019: 0).

26. Is éard is CCA ann comhlacht cuntasaíochta a bhfuil cead aige údarú a thabhairt dá chomhaltaí agus dá bhallghnólachtaí, ar an gcóinníoll gur shásaigh na comhaltaí sin critéir áirithe, chun gníomhú mar iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta faoi seach. Tá sé CCA ann, i.e., an:

- Cumann na gCuntasóirí Deimhniú Cairte (CCDC)
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhniú Poiblí in Éirinn (ICDPÉ)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (ICAEW)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain (ICAS)
- Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Corpraithe (ICPC)

27. Alt 931(4) den Acht

Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht fhéideartha

Chomh maith lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 682 mar atá sonraithe thuas, de réir alt 723(5) den Acht, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, i gcúinsí ina ndealraítear go raibh iar-oifigeach nó oifigeach reatha ar bith de chuid na cuideachta lena mbaineann cionta as cion i dtaca leis an gcuideachta, tuairisc a thabhairt don SIP agus an cheist a chur ar aghaidh chuig OSFC chomh maith. Baineann an oibleagáid tuairiscithe seo le gach leachtú, sócmhainneach agus dócmhainneach araon, (i.e. leachtú na gComhaltáí agus leachtú Deonach na gCreidiúnaithe agus leachtú Cúirte araon) mar an gcéanna. Le linn na bliana, ní bhfuarthas tuairisc amháin den sórt sin (2019: 0).

Nochtuithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014²⁸

In alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuairisc é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuairisc thuasluaite:

- i. líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;
- ii. an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus
- iii. aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh a iarrfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe ó am go ham.

Leagtar amach tuairisc na hOifige faoi alt 22 in Aguisín 3 a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

IONCHUIR INMHEÁNACHA

Réamhrá

Mar a fheicfead ón gcuid thuas den Chaibidil seo, tá an méid ionchur seachtrach a fuarthas den leithéid go osclaítear an chuid is mó comhaid chásanna mar fhreagra ar a dtugtar “ionchuir sheachtracha”, m.sh., tuairiscí iniúchóra, tuairiscí leachtaitheora agus gearáin ón phobail. Mar aon leis na hionchuir sheachtracha sin, gineann an Oifig ar a dtugtar “ionchuir inmheánacha” chomh maith trí chur chuige réamhghníomhach maidir le forfheidhmiú an Achta.

Bíonn éagsúlachtaí ann maidir le cineál agus comhdhéanamh ionchur inmheánach ó bhliain go bliain ag féachaint do roinnt breithnithe ábhartha, lena n-áirítear:

- cuspóirí comhlíonta agus/nó forfheidhmithe ar leith na hOifige sa bhliain áirithe sin nó thar timthriall ar leith;
- saincheistanna téamacha agus/nó saincheistanna aonuaire arna n-eascairt;
- acmhainní foirne atá ar fáil agus na tacaí shaincileanna lena mbaineann; agus
- fíricí agus cúinsí ábhartha eile.

Dá bhrí sin, is féidir raon ionchur inmheánach a bheith ann, trasna ceanteidil fhorfheidhmithe éagsúla. Áirítear ar shamplaí léiritheacha:

- gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine, m.sh., daoine ar féimheacha neamhscaoilte, srianta nó dícháilithe iad;
- fiosrúcháin shibhialta nó fiosrúcháin coiriúla arna dtosú as a tionscnamh féin;
- gníomhaíochtaí i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha díscailte; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú/iompar leachtaitheora.

28. Tá an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar fáil ag <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/14/enacted/en/pdf>

Gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, tionscnaíodh fiosrúcháin i roinnt cásanna inar tháinig amhras chun cinn go raibh daoine arbh féimheacha neamhscaoilte, dícháilithe nó srianta iad ag gníomhú mar stiúrtóirí cuideachtaí nó i ról shonracha eile (amhail mar iniúcháirí) ce nach raibh cead acu sin a dhéanamh (nó, i gcás daoine srianta, ach amháin faoi réir coinníollachta áirithe).

Imscrúduithe a tionscnaíodh ar a tionscnamh féin

Faoi mar a léiríodh thuas, tionscnaíonn an Oifig fiosrúcháin agus imscrúduithe ar a tionscnamh féin sa chás go meastar go bhfuil gá leis sin nó go bhfuil sé riachtanach ag féachaint do na fíricí agus na cúinsí bunaidh. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith ina spreagthaigh do ghníomhaíochtaí dá leithéid:

- ceisteanna a aithnítear go himheánach;
- ceisteanna a atreoraítear go himheánach (i.e., idir Aonaid);
- ceisteanna a aithnítear de bhun athbhreithniú ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC nó doiciméid ábhartha eile;
- ceisteanna a aithnítear trí mhonatóireacht ar dhlíthíocht;
- ceisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairiscí na bpáipéar, an idirlíon, na meáin shóisialta etc.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunaidh, d'fhéadfaí fiosrúcháin agus imscrúduithe na hOifige a chur ar aghaidh tuilleadh trí úsáid a bhaint as:

- cumhachtaí imscrúdaithe sibhialta an Stiúrtóra;
- cumhachtaí imscrúdaithe coiriúla an Stiúrtóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe sna Gardaí atá tugtha ar iasacht don Oifig trí bhua na n-oifigeach sin a bheith ina mbaill den Gharda Síochána.

Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte

Tugann an Oifig “cuideachtaí dócmhainneacha díscailte” ar na cuideachtaí seo a leanas:

- cuideachtaí a baineadh den Chlár toisc gur theip orthu a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú; agus
- a raibh dliteanais acu an dáta ar baineadh den chlár iad, cibé acu dliteanais iarbhír, theagmhasacha nó ionchasacha.

Is faoin Oifig atá sé iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar dhícháiliú stiúrtóirí cuideachta dá leithéid a baineadh den Chlár²⁹. Mar sin féin, foráiltear sa dlí³⁰ chomh maith nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú a léiríonn don Chúirt nach raibh dliteanais ar bith ag an gcuideachta nuair a baineadh den Chlár í nó gur urscaoileadh na dliteanais sin sular tionscnaíodh an t-iarratas ar dhícháiliú. Agus an smachtbhanna atá le forchur á bhreithniú, féadfaidh an Chúirt ina áit sin srian³¹ a chur ar an stiúrtóir (na stiúrtóirí) sa chás go mbreithníonn sí nach bhfuil gá le dícháiliú faoi na cúinsí faoi leith³².

Sa chás go bhfuil fianaise ann go raibh cuideachta dócmhainneach ar an dáta ar baineadh den Chlár í, is é beartas an Oifig breathnú ar fhéachaint le stiúrtóirí na cuideachta a dhícháiliú. Is é an fáth leis sin, trí chead a thabhairt chun an chuideachta a bhaint den Chlár, seachnaíonn na stiúrtóirí an chuideachta a thabhairt chun críche ar an dóigh cheart, i.e., trí leachtaitheoir a cheapadh. Mura gceaptar leachtaitheoir, seachnaíonn stiúrtóirí na cuideachta mionscrúdú ar a n-iompraíocht arna sholáthar le halt 682 den Acht.

Sa chás go measann an Oifig go bhfuil stiúrtóir faoi dhliteanas dícháilithe sna cúinsí sin, féadfaidh sí deis a thairiscint don duine aonair lena mbaineann le Gealltanais um Dhícháiliú a chur isteach ar bhonn deonach. I gcomhthéacs an mhéid thuas, rud fiúntacha eile ná, sa chás go mbaintear cuideachta den Chlár, déantar na sócmhainní atá fágtha aici a dhílsiú san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta Maoine Stáit 1954.

I rith 2020, d'aithin agus scrúdaigh an Oifig gníomhartha stiúrtóirí 24 gcuideachta a baineadh den Chlár fad a raibh dliteanais nach beag fós le hióc acu. Mar thoradh ar an scrúdú a rinneadh ar na cásanna sin, ina raibh 66 cuideachta dícheangailte, dícháilíodh 18 stiúrtóir. D'eascair na dícháiliúcháin seo go léir de bhun Ghealltanais Dícháiliúcháin a tugadh de bhun alt 851 den Acht. Féach Aguisín 5 le haghaidh sonraí faoi stiúrtóirí a dícháilíodh le linn 2020.

29. Alt 842(h) d'Acht na gCuideachtaí 2014

30. Alt 843(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

31. Alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014

32. Alt 845(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014

Gníomhartha a bhaineann le feidhmíochta/iompar leachtaitheora

Is ceann de príomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra ná:

“...ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo”.³³

Cé go dtugtar modh don Oifig le próiseas alt 682, faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, maoirseacht neamhdhíreach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d’obair na leachtaitheoirí, ó am go chéile breathnaíonn an Oifig go bhfuil sé cuí nó riachtanach a bheith páirteach i maoirseacht níos díri ar obair na leachtaitheoirí. Tugtar éifeacht don mhaoirseacht níos díri seo trí na cumhachtaí a thugtar le hAlt 653 den Acht a fheidhmiú³⁴.

Déantar foráil in alt 653 den Acht gur féidir leis an Stiúrthóir:

- táirgeadh leabhair leachtaitheora a iarraidh, dá thionscnamh féin nó de bhun gearáin ó chomhalta, ranníocóir nó creidiúnaí cuideachta, chun iad a scrúdú – maidir le próiseas leachtaithe faoi leith, nó maidir le gach leachtú a rinne an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar cheisteanna ar bith a bhaineann le hábhar leabhar dá leithéid a iarraidh, chomh maith leis a mhéid cuidithe is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt go réasúnta maidir leis an gceist.

Tá cosaint agus teorainneacha áirithe ag gabháil leis na cumhachtaí a tugadh don Stiúrthóir le halt 653, i.e.:

- ní mór don Oifig an chúis (na cúiseanna) lena bhfuil an t-iarratas á dhéanamh a chur in iúl don leachtaitheoir freagróra; agus
- ní fhéadfar iarratas a dhéanamh i dtaca le leabhair a bhaineann le leachtú a tugadh chun críche níos mó ná sé bliana roimh an iarratas.

Candam na n-ionchur inmheánach – 2020

Le linn 2020, gineadh 23³⁵ (2019: 43) ionchur inmheánach ar an iomlán.

CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, osclaítear comhad cáis mar thoradh ar ionchuir, bídis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha. I gcás tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí, cuirtear cásanna i gcrích go ginearálta sa chás go ndearnadh cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir nó gan faoiseamh a thabhairt dó nó dí ón oibleagáid srianadh/dícháiliúcháin stiúrthóirí na cuideachta a fháil, agus sa chás go dtugtar faoiseamh, dúntar an comhad de ghnáth.

Sa chás nach dtugtar faoiseamh, nó nach dtugtar ach faoiseamh páirteach (i.e., go dtugtar é maidir le cuid de na stiúrthóirí, ach ní iad ar fad), tabharfaidh an Oifig cuireadh de ghnáth don stiúrthóir (na stiúrthóirí) ábhartha chun Gealltanais um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a sholáthar. Mura ghlactar tairiscint um Ghealltanais (nó mura bhfuil tairiscint um Ghealltanais oiriúnach, i measúnú na hOifige), beidh ar an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt. Déanann an Oifig monatóireacht ar an dul chun cinn trí na Cúirteanna ar na himeachtaí ábhartha um shrianadh nó um dhícháiliú agus déantar an toradh a thaifeadh a luaithe is a chinntear na himeachtaí. Déanann an Oifig athbhreithniú chomh maith, áfach, ó am go chéile nuair a thugann sí buarthaí faoi deara maidir le, mar shampla:

- moltaí inchreidte maidir le táillí iomarcacha leachtaitheoirí;
- mainneachtain fhollasach maidir le sócmhainní a dháileadh ar bhonn tráthúil; agus
- mainneachtain fhollasach maidir le leachtú a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnta.

33. Alt 949(1)(e) d’Acht na gCuideachtaí 2014

34. Cuimsíonn alt 446 den Acht foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí

35. Bainteach leis na catagóirí leathana um cheisteanna féimheachta, dícháiliúcháin, srianadh agus scrúdaitheoireacht.

I gcás ionchur eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúcháirí, gearáin ón phobail, nochtadh cosanta, atreoruithe etc., osclaítear comhad agus déantar mionscrúdú ar an ábhar lena chinneadh, ar an gcéad dul síos, an cheist í a thagann faoi shainchúram na hOifige nó nach ea. Ó sin amach, déantar dul chun cinn ar chásanna ar an mbonn a mheastar a bheith is oiriúnaí dá gcúinsí aonair, le modhanna dul chun cinn lena n-áirítear, mar shampla:

- buaileadh leis an ngearánaí, ag féachaint de ghnáth le tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna a bhfuil gearán á ndéanamh fúthu;
- buaileadh leis na stiúrthóirí (mar shampla, i gcás a bhaineann le hiasachtaí na stiúrthóirí);
- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú, amhail, mar shampla, éilimh a eisiúint chuig:
 - » cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh miontuairiscí cruinnithe agus cláir reachtúla a tháirgeadh;
 - » cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh leabhair agus doiciméidí na cuideachta a tháirgeadh;
 - » leachtaitheoirí le haghaidh a leabhair agus a ndoiciméidí a tháirgeadh, i.e., leabhair agus doiciméidí an leachtaitheóra féin seachas iad na gcuideachta á leachtú (a d'fhéadfadh, go comhthreomhar, a lorg);
 - » iniúcháirí ag éileamh soláthar faisnéis fhorlíontach maidir le tuairisc chion indíotáilte a fuarthas;
 - » daoine a ghníomhaíonn, nó a airbheartaíonn go bhfuil siad ag gníomhú, mar iniúcháirí maidir le táirgeadh fianaise ar a gcáilíochtaí;
 - » féimhigh a ghníomhaíonn mar stiúrthóirí agus rúnaithe gcuideachtaí, ag lorg ráiteas faoi mhionn maidir le stádas dócmhainneachta; agus
 - » leachtaitheoirí a gceanglaítear orthu go gcomhdaíonn siad tuairiscí alt 682 amuigh;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a dhéanamh, cumhachtaí gabhála agus coinneála a fheidhmiú etc.;
- idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith ábalta cuidiú leis an Oifig ina gcuid fiosrúcháin, mar shampla trí fhaisnéis ábhartha a chomhroinnt.

Nuair a chríochnaítear fiosrúcháin na hOifige, déantar cinneadh maidir leis an ngníomhaíocht is fearr a dhéanfar. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith san áireamh leis sin:

- an cinneadh gan gníomhaíocht ar bith eile a dhéanamh (mar shampla, sa chás go dtugtar le fios trí fhiosrúcháin nár sáraíodh an dlí cuideachtaí nó sa chás nach bhfuil i gceist ach mionsárú agus go mbeadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, dár réir sin, neamh-chomhréireach);
- cinneadh gan gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh an t-am seo ach, seachas sin, rabhadh a eisiúint ina sonraítear má tharlaíonn sé arís go dtapófar gníomhaíocht forfheidhmiúcháin (mar shampla, sa chás gur ceartaíodh agus/nó gur feabhsaíodh an sárú chun sástacht OSFC);
- cúrsaí a bhaineann le sainchúraim faoi seach údaráis reachtúil nó comhlachtaí gairmiúla eile a atreorú chucu;
- eisiúint ordacháin sibhialta, m.sh., teoracha do chuideachtaí agus/nó a gcuid stiúrthóirí á cheangal ar leigheas mainneachtainí luaite laistigh de fhrámaí ama a fhorordaít;
- tionscnamh imeachtaí sibhialta, i.e., iarratais Cúirte d'fhonn na leigheasanna sonraithe;
- tionscnamh imeachtaí coiriúla achoimre nó tharchuir chuig an SIP lena mbreithniú maidir lenar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil.

Tá sonraí leagtha amach sna Táblaí seo a leanas maidir le líonta na gcásanna a chuir an Oifig chun cinn le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Tá sonraí maidir leis an hionchuir a shreabhann ó phróiseáil líonta na gcásanna éagsúla mionsonraithe sa chéad roinn eile den Chaibidil seo.

Tábla 11: Tréachur tuairiscí 682 na leachtaitheoirí – 2020

Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 1 Eanáir, 2020	299
Gach tuairisc nua a fuarthas i 2020	669
Lúide: Tuairiscí ar a rinneadh cinntí i 2020	810
Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 31 Nollaig, 2020	158

Tábla 12: Tréachur cásanna eile – 2020

Cásanna eile idir lámha ar 1 Eanáir, 2020	194
Cásanna nua a osclaíodh i 2020	278
Lúide: Cásanna a críochnaíodh i 2020	223
Cásanna eile idir lámha ar 31 Nollaig, 2020	249

CUID C: ASCHUIR

Bearta agus aschur forfheidhmithe a bhaineann le dócmhainneacht a eascraíonn as tuairiscí leachtaitheora alt 682 agus as scrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte

Aschuir ó phróiseas alt 682 (i.e., tuairiscí leachtaitheora)

Rinne an Oifig cinntí cinntitheacha (i.e. cinntí seachas ‘*Faoiseamh ag an am seo*’ a thabhairt) maidir le 531 tuairisc leachtaitheoirí le linn 2020 (2019: 632), agus rinneadh 279 cinneadh eile chun ‘*Faoiseamh ag an am seo*’ a thabhairt (2019: 331).

As na 531 cinntí cinntitheacha a rinneadh le linn 2020, rinneadh 421 díobh san iomlán maidir le tuairiscí tosaigh (2019: 498), agus rinneadh 110 ceann eile díobh maidir le tuairiscí ina dhiaidh sin (2019: 134).

Tá anailís déanta ar na cinntí a rinneadh maidir le tuairiscí tosaigh agus tuairiscí ina dhiaidh sin faoi seach i dTáblaí 13, 14 agus 15 thíos.

Tábla 13: Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le gach tuairisc alt 682 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2020	%	2019	%
Faoiseamh iomlán ³⁶	466	58	525	55
Gan faoiseamh a dhámhadh ³⁷	46	6	75	8
Faoiseamh páirteach ³⁸	19	2	21	2
Faoiseamh ag an am seo ³⁹	279	34	331	35
Iomlán	810	100%	952	100%

Tábla 14: Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2020	%	2019	%
Faoiseamh iomlán ³⁶	384	74	448	73
Gan faoiseamh a dhámhadh ³⁷	28	5	34	5
Faoiseamh páirteach ³⁸	9	2	10	2
Faoiseamh ag an am seo ³⁹	97	19	124	20
Iomlán	518	100%	616	100%

Tábla 15: Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin alt 682 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2020	%	2019	%
Faoiseamh iomlán ³⁶	82	28	77	23
Gan faoiseamh a dhámhadh ³⁷	18	6	41	12
Faoiseamh páirteach ³⁸	10	3	11	4
Faoiseamh ag an am seo ³⁹	85	62	207	62
Iomlán	195	100%	336	100%

36. Deonaítear faoiseamh iomlán i gcásanna ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(i) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh gach stiúrthóir uile na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.
37. Níor deonaítear faoiseamh nuair ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas a le fáil (tuairisc(i) an leachtaitheoir san áireamh), nach bhfuil go leor fianaise gur ghníomhaigh aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.
38. Deonaítear faoiseamh páirteach in imthosca ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(i) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh roinnt stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nach leo ar fad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.
39. Deonaítear ‘Faoiseamh ag an am seo’ i gcásanna ina raibh an Oifig sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun a imscrúdú ar chúis le forléasadh na cuideachta a dul chun cinn/críochnú. Ar an dul céanna, ó am go ham, síleann an Oifig go bhfuil gá cinneadh cinntitheach a chur ar athlá mar gheall ar castacht cúrsaí cuideachtaí áirithe agus an riachtanas gaolmhar rannpháirtíocht forlíontach leis an leachtaitheoir bainteach. Agus ‘Faoiseamh ag an am seo’ deonaithe, tá ceangal ar an leachtaitheoir tuairisc nua a thabhairt isteach.

Líon iomlán na stiúrthóirí cuideachta a chuireadh srianta orthú agus a dhícháilíodh le linn na bliana 2020

Cuireadh srianta ar 73 stiúrthóir (2019: 102) san iomlán agus dícháilíodh 14 stiúrthóir (2019: 12) (de bhun Gealltanais nó Orduithe Cúirte). Ina theannta sin, dícháilíodh 18 stiúrthóir ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte trí Ghealltanais Dícháiliúcháin (2019: 22). Tá tuilleadh sonraí faoi na hOrduithe a rinne an Ard-Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí agus de bhun Gealltanais ar fáil in Aguisíní 4 agus 5.

Tharla an laghdú ar líon na stiúrthóirí a gearradh pionós orthu maidir leis an mbaint acu le cuideachtaí dócmhainneacha mar thoradh ar mheascán cúinsí. Ina measc siúd, tá an laghdú foriomlán ar líon na gcuideachtaí ag dul faoi leachtú dócmhainneach le blianta beaga anuas agus an titim dá bharr sin i líon na dtuarascálacha leachtaitheoirí a fuarthas; agus tionchar na srianta sláinte poiblí ar ghníomhaíochtaí leachtaitheoirí.

Gealltanais maidir le Srianadh agus Dícháiliú

Faoi mar atá sonraithe níos luaithe sa Chaibidil seo, i ndiaidh thosach feidhme an Achta seo an 1 Meitheamh, 2015, thug an Oifig nós imeachta úr isteach lenar féidir cuireadh a thabhairt do na stiúrthóirí sin, maidir lena bhfuil cinneadh déanta ina leith nár cheart faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir ón oibleagáid iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt dá Srianadh, chun Gealltanais um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a chur isteach go deonach.

I rith 2020, tar éis breithníú a dhéanamh ar thuiriscí leachtaitheoirí ar chuideachtaí dócmhainneach faoi leachtú, cuireadh Gealltanais Srianta ar tairiscint do 67 stiúrthóir agus cuireadh Gealltanais Dícháilithe ar tairiscint do seachtar stiúrthóir.

Leagtar amach sa tábla thíos roinnt tairiscintí Gealltanais a eisíodh i rith 2020, anuas ar shonraí faoin líon tairiscintí ar glacadh leo agus nár glacadh leo ag deireadh na bliana. As na tairiscintí Gealltanais Srianta a rinneadh le 64 stiúrthóir i rith 2020, glacadh le 50 ceann. Anuas air sin, glacadh le trí thairiscint bhreise Gealltanais Srianta a rinneadh in 2019 agus ar feitheamh an 1 Eanáir, a mhéadaigh an líon iomlán stiúrthóirí a bhí Srianta ag Gealltanais in 2020 aníos go dtí 53.

Tábla 16: Tairiscintí ghealltanais a eisíodh chuig stiúrthóirí in 2019 agus a nglactar leo/nár glacadh leo in 2020

	2020	2019
	Stiúrthóirí	Stiúrthóirí
Srianta:		
Líon na dtairiscintí a eisíodh	67	112
Líon na dtairiscintí a glacadh	53	83
Líon na dtairiscintí nár glacadh	17	29
Dícháiliúcháin:		
Líon na dtairiscintí a eisíodh	7	11
Líon na dtairiscintí a glacadh	3	8
Líon na dtairiscintí nár glacadh	4	3

Iarratais na Leachtaitheoirí leis an gCúirt

Faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás nár thug an Oifig faoiseamh agus sa chás nár tairgeadh nó nár glacadh cuiridh chun Gealltanais a chur isteach, ceanglaítear ar leachtaitheoirí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun na stiúrthóirí cuideachta ábhartha a shrianadh nó a dhícháiliú. Amhail an 31 Nollaig 2020 bhí 21 stiúrthóir san iomlán a dhiúltaigh dul i mbun Gealltanais maidir le cinntí a rinneadh i rith na bliana os comhair imeachtaí den sórt sin.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, ag aon tráth amháin, go mbíonn líon suntasach stiúrthóirí cuideachta faoi réir imeachtaí srianta nó dícháilithe roimh an Ard-Chúirt. Tá cohórt breise stiúrthóirí nár cuireadh Gealltanais ar tairiscint dóibh nó nár ghlac le Gealltanais, roimh 2020, faoi réir imeachtaí srianta nó dícháilithe go fóill.

Leagtar amach sa tábla thíos sonraí faoi thorthaí iarratais leachtaitheoirí leis an Ard-Chúirt i rith na bliana.

Tábla 17: Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 2020

	2020		2019	
	Cásanna	Stiúrthóirí	Cásanna	Stiúrthóirí
Dearbhaithe um Shrianadh deonta	12	20	11	19
Orduithe Dícáiliú deonta	8	11	3	4
Gan Orduithe nó Dearbhaithe deonta	1	3	2	4

Firicí agus cúinsí a mheas an Ard-Chúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh agus a mheas an OSFC agus Gealltanais Dhícháilithe á dtairiscint

Tá leagtha amach thíos samplaí léiritheacha de na cineálacha saincheistanna a mheas an Ard-Chúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh nó a thug an OSFC aird orthu agus Gealltanais Dhícháilithe á dtairiscint agus ar glacadh Gealltanais mar fhreagra orthu. Ina measc seo tá cás Westman Plant and Civils Limited (faoi leachtú), inar thug an Ard-Chúirt an tréimhse dícháiliúcháin is faide a forchuireadh riamh faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aguisín 5.

WESTMAN PLANT AND CIVILS LIMITED (FAOI LEACHTÚ) DÍCHÁILIÚ STIÚRTHÓRA AR FEADH 14 BHLIAIN AGUS 3 MHÍ

Dícháilíodh an t-Uasal Kevin Rabbitte, stiúrthóir Westman Plant and Civils Limited (faoi leachtú) ó fhreastal mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse **14 bliana agus 3 mhí**. Sí seo an tréimhse dícháiliúcháin is faide a ghearr an Ard-Chúirt riamh faoi Achtanna na gCuideachtaí. Ina theannta sin, d'ordaigh an Chúirt gur chóir go mbeadh an t-Uasal Rabbitte faoi dhliteanas pearsanta as €1.5m d'fhiachais na cuideachta.

Leagadh amach sonraí an cháis i mbreithiúnas a tugadh ar an 30 Eanáir na bliana 2020⁴⁰. Luaigh an breithiúnas gur chuala an Chúirt go raibh an chuideachta ag gabháil do chalaois CBL laistigh den Chomhphobal a bhí bunaithe ar thrádálaí nach raibh ann in aon chor. Thuairiscigh an leachtaitheoir gur baineadh úsáid as uimhir CBL na cuideachta chun earraí ar luach os cionn €8m iad a cheannach laistigh den Chomhphobal agus i ndíolachán na n-earraí seo sa Stát. In ainneoin an CBL a ghearradh ar a leithéid de dhíolachán, níor íocadh aon CBL agus rinneadh tuairisceáin bhréige CBL a bhí ag taispeáint dliteanas nialais ar feadh shaolré uile na cuideachta. Dar leis an mbreitheamh, “...the only trade engaged in by the company has been the business of fraud”.

40. Myles Kirby (In his Capacity as Official Liquidator of Westman Plant and Civils Ltd (in liquidation)) v Rabbitte (2020) IEHC 703 (Neamhthuiriscithe, An Ard-Chúirt, O'Moore J. 30 Eanáir 2020) https://www.courts.ie/search/judgments/%22westman%20type%3AJudgment%22%20AND%20%22filter%3Aalfresco_radio.title%22

SAMPLAÍ EILE INAR DÍCHÁILÍODH STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA AG AN ARD-CHÚIRT AGUS AG AN OSFC TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS GEALLTANAIS DÍCHÁILÍOCHTA

Cuideachta A

Scrúdaíodh gníomhartha beirt stiúrthóirí cuideachta dócmhainneach díscailte (sé sin, cuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí de réir alt 733 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Scrúdaíodh gach cuideachta eile a raibh baint ag stiúrthóirí na cuideachta seo leo agus, astu sin, baineadh ceithre chuideachta eile go neamhdheonach as Clár na gCuideachtaí toisc nár chomhdaigh siad tuairisceáin bhliantúla. Fuair scrúdú ar na tuairisceáin bhliantúla ba dhéanaí a comhdaíodh i leith na gcuideachtaí seo go raibh creidiúnaithe ar luach €3.7m san iomlán ar na Cláir Chomhardaithe. I gcás ceann de na cuideachtaí, cláraíodh dhá bhreithiúnas neamhíoctha ina choinne chomh maith le 11 chúiseamh neamhíoctha. Níor chuir na stiúrthóirí in aghaidh na bhfigiúirí seo agus níor ghlac siad bearta feabhais chun iad a cheartú. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Dícháilíocháin ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Cuideachta B

Fuair scrúdú ar ghníomhaíochtaí beirt stiúrthóirí ar chuideachta dócmhainneach díscailte amach gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú i leith dhá chuideachta a raibh siad ina stiúrthóirí orthu. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don OSFC go raibh loiceadh thart ar €250,000 i gcáin ann, gan ús a áireamh, i leith ceann de na cuideachtaí. Dar leis na tuairisceáin bhliantúla deireanacha a comhdaíodh i leith ceann de na cuideachtaí, bhí creidiúnaithe ar luach iomlán níos mó ná €5m iontu. Theip ar an dara cuideachta aon tuairisceáin bhliantúla a chomhdú riamh san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Léirigh fiosrúcháin ina leith go raibh 14 chúiseamh neamhíoctha cláraithe i gcoinne ceann de na cuideachtaí. Níor chuir na stiúrthóirí in aghaidh na bhfigiúirí seo agus níor ghlac siad bearta feabhais chun iad a cheartú. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Dícháilíocháin ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Cuideachta C

Chuaigh cuideachta a bhí ag trádáil san earnáil deisiúcháin gluaisteán faoi leachtú i rith na bliana 2019. Theip ar a beirt stiúrthóirí an chuideachta a leachtú go tráthúil agus lean said ag trádáil ar feadh tréimhse fada agus í dócmhainneach. Níor chloigh na stiúrthóirí lena gcuid dualgas tuairiscithe do na Coimisinéirí Ioncaim, níor éirigh leo cánacha a íoc mar a bhí siad dlite thar thréimhse fhada agus lig siad dá ndliteanais leis na Coimisinéirí Ioncaim a chnardh ar luach níos mó ná €100,000. Chomh maith le sin, tuairiscíodh gur theip ar na stiúrthóirí leabhair agus taifid cheart a choinneáil agus gur bhain siad úsáid as cuntas bainc pearsanta le haghaidh ioncaim ó dhíolacháin a ghlacadh agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann na cuideachta. Thug tuarascáil an leachtaitheora le fios go raibh stiúrthóirí amháin ag sárú alt 239 den Acht trí shuimeanna suntasacha a bhaint den chuideachta ag am nuair ba cheart an airgead seo a úsáid chun dliteanais leis na Coimisinéirí Ioncaim a íoc. Ghlac duine de na stiúrthóirí le Geallúntas Dícháilíocháin ar feadh tréimhse cúig bliana.

Cuideachta D

Leachtaíodh cuideachta san earnáil seirbhísí cothabhála réadmhaoine sa bhliain 2019 ag an Ard-Chúirt tar éis achainní ó na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar stiúrthóirí na cuideachta a cuid dliteanais leis na Coimisinéirí Ioncaim a íoc de réir mar a bhí siad dlite. B'ionann luach iomlán na ndliteanas CBL agus ÍMAT nár íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim os cionn €250,000. Thuairiscigh an leachtaitheoir chomh maith nár íocadh €40,000 i gcánacha a bhaineadh ó phá na bhfostaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim. Lig an stiúrthóir don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil nuair a bhí fios aige, nó ba chóir ná go mbeadh fios aige, go raibh sí dócmhainneach, gur theip air na leabhair agus na taifid a gcoimeád i gceart agus gur dhiúltaigh sé chomhoibriú leis an leachtaitheoir. Ghlac an stiúrthóir seo le Geallúntas Dícháilíocháin ar feadh tréimhse cúig bliana.

Fíricí agus cúinsí a bhreithnigh an OSFC i dtaobh Gealltanais Srianata a thairiscint

Leagtar amach thíos samplaí de na saghsanna saincheistanna a an OSFC aird orthu i dtaobh gealltanais a thairiscint agus ar glacadh mar fhreagairt dóibh. I ngach cás, tá feidhm ag an srian ar feadh na tréimhse caighdeánaí cúig bliana.

D'eascair na hOrduithe/Gealltanais tar éis don OSFC tuarascálacha alt 682 a bhreithniú agus, nuair ba ghá, tar éis don OSFC faisnéis bhreise agus/nó soiléiriú a lorg agus a fháil. Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aguisín 4.

SAMPLAÍ INAR GHEARRADH SRIANTA AR STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA AG AN OSFC TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS GEALLTANAIS SRIANTA

Cuideachta E

Chuaigh cuideachta a bhí éadaí speisialaithe á táirgeadh aici faoi leachtú go déanach sa bhliain 2018. Bhí easnamh nach mór luach €500,000 ag an gcuideachta nuair a leachtaíodh í. Bhí fiacha ar luach thart ar €175,000 dlite ag an gcuideachta do chreidiúnaithe trádála agus thart ar €185,000 eile do na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar bheirt stiúrthóirí ainmnithe na cuideachta an chuideachta a fhoirceannadh go tráthúil agus lig siad don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil ar feadh tréimhse fada agus í dócmhainneach. Cheadaigh na stiúrthóirí diúscairt sócmhainní na cuideachta gan luach ar bith. Fuarthas amach go raibh duine eile tar éis gníomhú mar scáth-stiúrthóir. Ghlac an triúr stiúrthóirí le Geallúntais Srianta (cúig bhliain).

Cuideachta F

Chuaigh cuideachta san earnáil fáilteachais faoi leachtú go déanach i 2019. Bhí thart ar €160,000 mar easnamh deiridh aici ag am an leachtaithe d'ainneoin láimhdeachas réasúnta beag a bheith aici. Thuairiscigh an leachtaitheoir go raibh an chuideachta dócmhainneach le linn a staire uile agus gur thrádáil sí go dócmhainneach ar feadh tréimhse fada. Fuair an leachtaitheoir amach nach raibh stiúrthóir na cuideachta ag cloí lena dhualgais i leith na gCoimisinéirí Ioncaim nó i leith na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Bhí thart ar €90,000 dlite do na Coimisinéirí Ioncaim ag dáta an leachtaithe. Ghlac an stiúrthóir le Geallúntas Srianta (cúig bhliain).

Cuideachta G

Chuaigh cuideachta a bhí ag allmhairiú gluaisteán ón Ríocht Aontaithe faoi leachtú sa bhliain 2018 le nach mór €500,000 mar easnamh aici ar dháta an leachtaithe. Theip ar na stiúrthóirí dlíteanais CBL os cionn €150,000 a scaoileadh. Theip ar na stiúrthóirí leabhair agus taifid a choinneáil ar an caighdeán riachtanach chun costais na cuideachta maidir le taisteal agus cothú a fhíorú agus theip orthu cuntais a ullmhú agus a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar is gá faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Srianta (cúig bhliain).

Cuideachta H

Rinne an Ard-Chúirt cuideachta a bhí cigireachtaí réadmhaoine agus seirbhísí um chomhlíonadh sábháilteachta á gcur ar fáil acu a leachtú i mí Iúil 2019 de bharr achainí ó na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar na stiúrthóirí dlíteanais chánach dar luach €61,500 ag am an leachtaithe a scaoileadh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Theip ar na stiúrthóirí aon chánacha a dhearbhu, nó a íoc sa bhliain 2017 nó sa bhliain 2018 agus ní dhearna siad ach íocaíochtaí íosta leo sa bhliain 2016. Thóg na stiúrthóirí €51,400 amach as an gcuideachta idir mí Iúil na bliana 2017 agus mí Lúnasa na bliana 2018 agus tógadh €20,346 amach sa bhreis mar airgead tirim nach raibh dearbhairthe mar ioncam stiúrthóra do na Coimisinéirí Ioncaim. Níor chuir na stiúrthóirí leabhair agus taifid uile na cuideachta ar fáil don leachtaitheoir, mar a bhí orthu a dhéanamh faoi choinníollacha Achtanna na gCuideachtaí. Theip ar na stiúrthóirí cuntais a ullmhú agus a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar is gá faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Srianta (cúig bhliain).

Cuideachta I

Leachtaíodh cuideachta a bhí ag trádáil in earnáil na tógála ag an Ard-Chúirt go déanach i 2017 i ndiaidh achainí a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim. B'ionann iomlán na ndlíteanas neamhíoctha maidir le CBL agus CCA agus thart ar €200,000. Níor comhlíonadh Ordú Cúirte chun Ráiteas Gnóthaí a sholáthar i leith na cuideachta, lig na stiúrthóirí don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil nuair a bhí a fhios acu, nó ba chóir go mbeadh a fhios acu, go raibh an chuideachta dócmhainneach agus theip ar na stiúrthóirí comhoibriú a dhéanamh leis an leachtaitheoir. Ghlac an stiúrthóir lenar bhain le Geallúntas Srianta (cúig bhliain).

Cuideachta J

Níor chomhlíon cuideachta a bhí seirbhísí cothabhála foirgneamh agus sábháilteachta dóiteáin á gcur ar fáil acu a cuid dualgais i leith na gCoimisinéirí Ioncaim i rith a tréimhse uile trádála. Dhearbhaigh an chuideachta ráitis ráithiúla ÍMAT a bhí níos ísle ná mar a bhí fíor. Cé gur ceartaíodh iad seo ina dhiaidh sin, nuair a comhdaíodh tuairisceáin bhliantúla an P35, d'úsáid an chuideachta na Coimisinéirí Ioncaim mar fhoinse creidmheasa. Ar dháta an leachtaithe, bhí dliteanas iomlán nach mór luach €70,000 bailithe ag an gcuideachta maidir le CBL, ÍMAT agus Cáin Chorporáide neamhíochta. Lig na stiúrthóirí don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil ar feadh tréimhse fada nuair a bhí a fhios acu go raibh an chuideachta dócmhainneach agus nach raibh sí in ann a fiacha a íoc de réir mar a bhí siad dlíte. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Srianata (cúig bhliain).

Cuideachta K

Theip ar chuideachta a raibh baint aici le hathchóiriú agus le díol pailléid adhmaid go leor tuairisceán cánach reachtúil a chomhdú agus níor íoc sí a cuid cánacha de réir mar a bhí siad dlíte. Ar dháta an leachtaithe, bhí beagnach €100,000 dlíte do na Coimisinéirí Ioncaim i leith ÍMAT, ASPC, MSU agus CBL. Léirigh an fhianaise gur bhain an chuideachta úsáid as airgead a bhí dlíte do na Coimisinéirí Ioncaim chun a cuid ghníomhaíochtaí gnó a mhaoiniú. Ghlac an bheirt stiúrthóirí le Geallúntais Srianata (cúig bhliain).

Bearta Feidhmiúcháin & Torthaí Eile (Neamh-Gaolmhara Le Dócmhainneacht) – 2020**Aschuir na hoibre forfheidhmiúcháin**

Tá roinnt cineálacha éagsúla d'obair forfheidhmiúcháin na hOifige ann, lena n-áirítear:

- oibriú le stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile d'fhonn ceartú/feabhsú deonach a fháil déanta ar chásanna um neamhchomhlíonadh;
- cumhachtaí an Stiúrthóra a fheidhmiú chun comhlíonadh a chinntiú agus/nó fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn;
- feidhmeanna an Stiúrthóra a fheidhmiú chun comhlíonadh a cheadú/a éascú;
- leigheasanna sibhialta a lorg san Ard-Chúirt mar fhreagra ar léiriú neamhchomhlíonadh;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche;
- sa chás, agus imscrúdú mionsonraithe a bheith déanta agus tugtha chun críche ar bhonn sin go léirítear leis na comharthaí coiriúlachta amhrasta go bhféadfadh gá a bheith le triail ar díotáil, comhad a atreorú chuig an SIP le breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil gá le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda a chur i leith na gcúrsaí iontu nó nach bhfuil; agus
- comharthaí maidir le sárúithe féideartha ar fhorálacha rialála seachas na cinn a bhaineann leis an dlí cuideachtaí a atreorú chuig rialtóirí ábhartha eile (agus atreorú cúrsaí ábhartha chuig comhlachtaí gairmiúla a chuimsiú chomh maith).

Tá sonraí tugtha maidir leis na príomhaschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na hOifige thíos.

Ceartú/feabhsú deonach a fháil**Sárúithe iasachtaí stiúrthóirí**

I 13 cás (2019: 23) sa chás gur thuairiscigh iniúcháirí sárúithe amhrasta iasachtaí stiúrthóirí, nó gur tháinig siad chun feasa ar dhóigh ar bith eile, rinneadh ceartúcháin (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) darbh luach €5.7m (2019: €27.2m). Tá ceartúcháin den sórt sin ar mhaithe le comhaltaí agus creidiúnaithe cuideachtaí lena mbaineann.

Teip ar chaighdeán chuntasaíochta a chomhlíonadh

Ceanglaítear in alt 291(3) den Achta ar chuideachtaí a ráitis airgeadais a ullmhú, *inter alia*, i gcomhréir leis na caighdeán chuntasaíochta is infheidhme. Le halt 291(9), foráiltear gur cion Chatagóir 2 ag an gcuideachta é agus ag aon oifigeach ar mainneachtain é cliseadh an ceanglas sin a chomhlíonadh. In 2020, tugadh 40 cás (2019: 72) le fios inar theip ar chuideachtaí chun caighdeán chuntasaíochta a chomhlíonadh don Oifig trí thuairiscí ar chion indíotáilte. Mar gheall ar nádúr bunúsach na saincheisteanna atá i gceist (mar shampla, léirmhínte éagsúla ar chaighdeán cuntasaíochta) is féidir an chuid is mó de na hábhair sin a réiteach chun sástacht an OSFC trí cheartú deonach.

Daoine ag feidhmiú dóibh mar stiúthóirí cuideachta gan cead acu sin a dhéanamh

Rinne an Oifig athbhreithniú i rith na bliana ar chlár na ndaoine dícháilithe agus srianta arna chothabháil ag Cláraitheoir na gCuideachtaí. Ag éirí as an athbhreithniú, dealraíodh seisear (2019: 31) de bheith ag sárú na n-orduithe agus gealltanais úd. Tugadh staid na ndaoine chun rialtacha tar éis idirghabhála OSFC.

Líon iomlán na rabhadh a eisíodh

Sa bhreis ar an méid a tháinig roimhe, tugadh rabhaidh do 19 cuideachta (2019: 28) ar an iomlán, maidir le cúrsaí éagsúla.

Comhlíonadh a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn trí chumhachtaí reachtúla an Stiúthóra a fheidhmiú

Úsáideadh raon leathan forálacha reachtacha i rith na bliana faoi athbhreithniú d'fhonn comhlíonadh an dlí cuideachtaí a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe faoi seach a chur chun cinn araon. Áiríodh cumhachtaí reachtúla, agus bearta imscrúdaithe eile, arna bhfeidhmiú:

- seirbheáil 54 ordú faoi alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíocht agus Calaoise) 2001 (2019: 28)
- rinneadh seacht mbarántas cuardaigh a fhorghníomhú (2019; 13)⁴¹;
- gabhadh naonúr (2019: 5), agus coimeádadh seisear siúd (2019: 4) ina dhiaidh sin faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil 1984 chun iad a cheistiú;
- casadh le 14 nduine (2019: 11) i ndiaidh socrú a dhéanamh tar éis gur thoiligh siad chun ráitis a sholáthar i ndiaidh gur tugadh foláireamh dóibh;
- seirbheáil dhá ordú reachtúla ag cur iallaigh ar thríú páirtithe chun leabhair agus doiciméid a thabhairt faoi alt 780 den Acht (2019: 2); agus
- seirbheáil trí iarratas reachtúla d'iniúchóirí ar fhaisnéis faoi alt 393 den Acht (2019: 39).

Comhlíonadh a cheadú/a éascú trí fheidhmeanna reachtúla an Stiúthóra a fheidhmiú

Le linn na bliana, fuarthas cúig iarratas (2019: 20) ó chuideachtaí a bhí ag lorg treorach lena léirítear gur neamh-infheidhme an srian a fhaightear in alt 288(9) den Acht, ar alt é lena léirítear nach féidir le cuideachta, de ghnáth, a dáta deireadh bliana reatha nó roimhe a athrú níos mó ná uair amháin i dtréimhse cúig bliana.

Príomh-dlíthíocht sibhialta

Le linn na bhliana faoi athbhreithniú, bhí baint ag an Oifig, *inter alia*, sna himeachtaí sibhialta seo a leanas.

Tábla 18: Sonraí faoi príomh-imeachtaí sibhialta – 2020

<p><i>Cumann Peile na h-Éireann</i> "Football Association of Ireland"</p> <p><i>An Ard-Chúirt – 2019</i> 391 COS <i>An Ard-Chúirt – 2020</i> 66 COS</p>	<p>Tar éis éilimh reachtúla a eisiúint de bhun alt 778 d'Acht na gCuideachtaí 2014, agus barántais chuardaigh a fhorghníomhú de bhun alt 787 den Acht, thionscain an OSFC imeachtaí, de bhun alt 788 agus 795 den Acht, chun cinneadh na Cúirte a fháil ar dhoiciméid áirithe ar dearbháíodh dearbhú pribhléid ghairmiúil dlí agus/nó príobháideachta ina leith.</p> <p>I mí Samhna na bliana 2020, cheap an Ard-Chúirt duine neamhspleách de bhun alt 795(6) d'Acht na gCuideachtaí 2014 chun, <i>inter alia</i>, tuairisc a ullmhú chun cabhrú leis an gCúirt a cinneadh a dhéanamh an bhfuil ábhar atá faoi réir na n-imeachtaí faoi phribhléid.</p> <p>Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí an dlíthíocht seo fós ar siúl.</p> <p>I mí an Mhárta 2021, cheap an Ard-Chúirt duine eile neamhspleách chun críocha comhchosúla mar a thagraítear thuas.</p>
<p><i>Re Independent News and Media Plc</i> [2018] 124 COS (Neamhthuaisricithe, An Ard-Chúirt, Kelly P., 4 Meán Fómhair 2018)</p> <p><i>Buckley v. Fleck (and Others)</i> [2021] IEHC 101 (Neamhthuaisricithe, An Ard-Chúirt, Simons J., 15 Feabhra 2021)</p>	<p>Thug na Cigirí a cheap an Chúirt a Dara Tuarascáil Eatramhach don Ard-Chúirt an 27 Aibreán 2020.</p> <p>De réir fhorálacha alt 759 d'Acht na gCuideachtaí 2014, d'ordaigh an Chúirt go dtabharfaí cóip den Dara Tuarascáil Eatramhach don OSFC. Tar éis iarratais a dhéanamh ar an Ard-Chúirt ag roinnt páirtithe, d'ordaigh an Chúirt, ar an 10 Meitheamh 2020 agus ar an 24 Meitheamh 2020 faoi seach, go dtabharfaí cóipeanna do na hIarratasóirí éagsúla.</p> <p>Chuir na Cigirí in iúl sa Dara Tuarascáil Eatramhach go raibh sé dodhéanta ag an bpointe sin a chur in iúl go cruinn cathain a bheifí ag súil go mbeidís in ann Tuarascáil Deiridh a sheachadadh, mar gheall ar riachtanais na géarchéime reatha (Covid-19).</p> <p>Trí imeachtaí na hArd-Chúirte a tosaíodh i mí Aibreán 2020, lorg an tUasal Leslie Buckley, iar-Chathaoirleach Independent News & Media plc ("INM"), Orduithe de bhun alt 749 d'Acht na gCuideachtaí 2014 chun na Cigirí a cheap an Ard-Chúirt Chúirt a athghairm ar fhorais luaite ón imscrúdú a d'ordaigh an Ard-Chúirt de bhun alt 748 d'Acht 2014.</p> <p>D'éist an Ard-Chúirt leis an ábhar seo thar thréimhse ocht lá i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tugadh breithiúnas ar an 15 Feabhra 2021 agus dhiúltaigh an Breitheamh Garrett Simons iarratas an Uasail Buckley maidir leis na Cigirí a cheap an Chúirt a athghairm.</p>

41. Cúigeard de bhun alt 787 den Acht, duine amháin de bhun alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 (arna chur in ionad alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) agus duine amháin de bhun alt 48 den Acht um Cheartas Coiriúil (Goid & An tAcht um Chionta Calaoise) 2001

Imeachtaí coiriúla

Ag leanúint ar aghaidh óna cuspóirí straitéiseacha maidir le haghaidh a thabhairt ar chomharthaí éagóir thromchúisigh, is gnách go mbíonn acmhainní imscrúdaithe coiriúla na hOifige dírithe ar imscrúduithe níos casta agus níos fairsinge, a tagann mar thoradh orthu, de gnáth, go gcuirtear na comhaid faoi bhráid an SIP lena mbreithniú ar cheart cúiseamh a dhéanamh ar díotáil. Ag brath ar na fíricí agus na cúinsí bunúsacha, áfach, is féidir leis an Stiúrtóir a ordú go ndéanfar ionchúiseamh achomair freisin ar chionta líomhainte naithe de réir mar a mheastar iad a bheith iomchuí. Tá achoimre ar fáil thíos ar ghníomhaíocht forfheidhmithe coiriúil na hOifige i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

Le linn na bliana 2020

- i. cuireadh comhaid faoi bhráid an SIP maidir le ceithre imscrúdú ar leith;
- ii. d'ordaigh an Stiúrtóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cúiseamh a dhéanamh maidir le trí imscrúdú ar leith;
- iii. fuarthas teoracha ón SIP go ndéanfar cúiseamh, nó a mhalairt, maidir le trí imscrúdú ar leith;
- iv. ag eascairt as (ii) agus (iii) thuas, rinneadh 45 cúiseamh choiriúla san iomlán in aghaidh cúigear ar leith maidir le cionta líomhainte de chineál;
 - » Ordú Srianta a shárú in aghaidh ailt 855 d'Acht na gCuideachtaí 2014;
 - » Ordú Srianta a shárú in aghaidh altanna 161 agus 240 d'Acht na gCuideachtaí 1990 arna leasú;
 - » gníomhú faoi th teoracha duine srianta in aghaidh ailt 856 d'Acht na gCuideachtaí 2014;
 - » trádáil chalaioiseach in aghaidh ailt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú;
 - » trádáil chalaioiseach in aghaidh ailt 722 d'Acht na gCuideachtaí 2014;
 - » sciúradh airgid in aghaidh alt 7(1)(a)(ii), 7(1)(b) & 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010;
 - » gadaíocht in aghaidh ailt 4 den Acht Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001; agus
 - » faisnéis bhréagach a sholáthar in aghaidh ailt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014;
- v. ionchúisíodh beirt sa Chúirt Dúiche mar gheall ar sháruithe líomhainte ar dhlí na gcuideachta;
- vi. ionchúisíodh triúr sa Chúirt Chuarda (sé sin, ar díotáil) mar gheall ar sháruithe líomhainte ar reachtaíocht cuideachta agus ceartais choiriúil.

Ar an 31 Nollaig, bhí:

- vii. trí chás fós os comhair na gCúirteanna Dúiche agus Cúirteanna Cuarda; agus
- viii. dhá chomhad faoi bhráid an SIP ag fanacht le cinntí i dtaobh cúiseamha a dhéanamh nó a mhalairt.

IMEACHTAÍ COIRIÚIL: CÁS-STADÉIR**An t-Uasal John Canny**

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC agus tar éis treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh an t-Uasal John Canny, 40 Bóthar Bhaile an tSionnaigh, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath, iarfhostaí de chuid Philips Ireland, i 25 chion líomhainte in aghaidh ailt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001 (gadaíocht) agus dhá chion líomhainte in aghaidh ailt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (faisnéis bhréagach a sholáthar). Cuireadh tús leis an imscrúdú tar éis do aturnaetha, a bhí ag déanamh ionadaíochta ar Western Biomedical Technologies agus a mháthairchuideachta, Philips Ireland, gearán a dhéanamh leis an OSFC. Sa ghearán, líomhnaíodh gur comhdaíodh tuairisceáin bréaga le hOifig Clárúcháin na gCuideachtaí agus gur goideadh níos mó ná €30,000 ó chuntas bainc Philips Ireland. Dúradh sa Cúirt gur bhain an t-Uasal Canny an t-airgead as an gcuntas i sraith os cionn 80 idirbheart. I ngach cás, taisceadh an t-airgead go díreach i gcuntas pearsanta an Uasail Canny. Rinneadh an figiúr seo a athbhreithniú níos déanaí síos go dtí €26,051 tar éis liúntas a thabhairt do phá agus do fhíor-chostais a bhí dlite. Ina dhiaidh sin d'aisíoc an t-Uasal Canny an t-airgead uile a bhí i gceist. Phléadáil an t-Uasal Canny ciontach i naoi gcúiseamh gadaíochta a bhain le méideanna dar luach €31,000 san iomlán agus le cúiseamh amháin ar fhaisnéis bhréagach a sholáthar agus gearradh príosúnacht 18 mí air agus cuireadh an phianbhreith iomlán ar fionraí ar feadh tréimhse 18 mí.

An t-Uasal Pearse O'Connor

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC ar ghnóthaí Pearse Roofing and Cladding Limited, agus tar éis treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh an t-Uasal Pearse O'Connor, An Corrán, Mainéar Bhaile Uí Leannáin, Dún Dealgan, Co. Lú, i mí Lúnasa na bliana 2018 i gcionta líomhnaithe in aghaidh ailt 7(1)(a)(ii), 7(1)(b) agus 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 (Sciúradh Airgid), ailt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Trádáil Chalaoiseach), agus ailt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001 (Úsáid Ionstraime Bhréagaí). Bhain an cúiseamh le lorg líomhainte mímhacánta ar focaíochtaí ó Keys Commercial Finance Limited. I mí Aibreán na bliana 2021, phléadáil an tUasal O'Connor ciontach le cúiseamh amháin de Thrádáil Chalaoiseach agus cúig chúiseamh den Úsáid Ionstraime Bhréagaí. Cuireadh an t-ábhar ar athrath go dtí mí Deireadh Fómhair na bliana 2021 chun tuarascáil phromhaidh a ullmhú agus chun dáta le haghaidh pianbhreithe a shocrú.

Patricia Kelly Uasal

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC ar ghnóthaí Console Suicide Bereavement Counselling Limited (faoi Leachtú), agus tar éis treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh Patricia Kelly Uas., 59 Mainéar Alastair, Claonadh, Co. Chill Dara, i gcionta líomhainte in aghaidh ailt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Trádáil Chalaoiseach), ailt 722 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (Trádáil Chalaoiseach) agus ailt 7(1)(a)(ii) agus 7(3) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid & Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 (Sciúradh Airgid). Tá éisteacht réamhthrialach sceidealta do mhí Eanáir 2022 agus tá an triail sceidealta don 11 Eanáir 2023.

An t-Uasal Shane Murphy

Ag eascairt as imscrúdú na hOSFC ar ghnóthaí Prochill Limited, agus de bhun treoracha ón Stiúrtóir Forfheidhmithe Corparáidí, cúisíodh an tUasal Shane Murphy, 43 Na Saileacha, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí, *inter alia*, i dhá chion líomhainte de shárú ar ordú srianta in aghaidh ailt 855 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Phléadáil t-Uasal Murphy ciontach os comhair na Cúirte Dúiche agus dícháilíodh é ón fhreastal mar stiúrtóir cuideachta ar feadh tréimhse trí bliana agus gearradh fineáil €850 air.

An t-Uasal Kooi Hin (Keith) Yeap

Ag eascairt as imscrúdú an hOSFC, agus tar éis dó treoracha a fháil ón SIP, cúisíodh an t-Uasal Kooi Hin (Keith) Yeap, 47 An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin, i gcionta líomhainte in aghaidh ailt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (Faisnéis Bhréagach a Thabhairt). Bhain an cúiseamh le sé chuideachta. Seirbheáladh leabhar na fianaise i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 20 Aibreán 2021, agus cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chuig an gcéad suí eile den Chúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath lena thriail.

Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus chuig comhlachtaí rialála eile

Cé go bhfuil sé d'oibleagáid ar an OSFC faisnéis rúnda a choinneáil nuair a bhíonn sé i seilbh aici, tá foráil reachtúil ann⁴² a bhaineann le faisnéis a nochtadh le tríú páirtithe ar leith (lena n-áirítear comhlachtaí rialála eile agus comhlachtaí gairmiúla ar leith) ar an gcoinníoll gur féidir critéir shannta ar leith a shásaimh.

42. Alt 956 d'Acht na gCuideachtaí 2014

4

SHEIRBHÍS DEN SCOTH DO CHUSTAIMÉIRÍ A SHOLÁTHAR DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA



Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara seachtracha

Caighdeáin um sheirbhís do chustaiméirí

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí an Oifig fós tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar dá foireann féin agus do gach ball den phobal lena mbíonn sí ag déileáil. Tá an t-aiseolas agus seirbhísí um ghearáin fhoirmiúla, faoi mar a sholáthraítear ar shuíomh gréasáin na hOifige, lárnach don tiomantas sin.

Cairt Custaiméirí

Cuirtear sonraí ar an méid seo a leanas, i measc nithe eile, ar fáil sna Doiciméid um Chúram Custaiméirí na hOifige atá le fail ar shuíomh gréasáin an OSFC:

- caighdeáin seirbhíse na hOifige;
- na caighdeáin a bhféadfadh custaiméirí a bheith ag súil leo ón Oifig;
- príomhphointí teagmhála; agus
- Foirm Aiseolais agus Gearáin do Chustaiméirí.

Ní bhfuarthas gearáin foirmiúla ar bith i rith na bliana 2020 faoi Nós Imeachta na hOifige do Ghearáin ó Chustaiméirí. Tá sé tábhachtach chun tabhairt le fios gurb ann dár Nós Imeachta do Ghearáin ó Chustaiméirí chun plé le meancóga, moilleanna, nó drochsheirbhís do chustaiméirí. Ní bhaineann sé le míshástacht le beartas, cinntí le hOifigigh agus cúrsaí eile a bhaineann le cásanna. Tionscnaítear an nós imeachta ach Foirm do Ghearáin ó Chustaiméirí a chomhlánú agus a thabhairt ar ais don Oifig, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an OSFC.

Cineál na bpríomhtheagmhálacha le páirtithe leasmhara

Áiríonn príomhtheagmhálacha⁴³ na hOifige le páirtithe leasmhara:

- treoir agus ábhar gaolmhar a sholáthar; lena n-áirítear “Treoir Do Cuideachtaí Aonbhail” a fhoilsíú in 2020 a chomhdhlúthaíonn na Treoracha atá ann cheana in aon fhoilseachán amháin ar mhaithe le tagairt éasca;
- gníomhaíochtaí for-rochtana;
- déileáil le fiosruithe agus le gearáin ó dhaoine den phobal;
- caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt; agus
- láithreán gréasáin/na meáin shóisialta.

Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le (i), le (ii) agus le (iv) thuas, a thagann, den chuid is mó, faoi shainchúram an Aonaid Tathanta. Cé is moite de ghearáin maidir le sárruithe dlí na gcuideachtaí, a bpléitear leo i gCaibidil 3, tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le (iii) agus le (v) thíos.

Fiosruithe poiblí

Soláthraíonn an Oifig, an méid atá indéanta, eolas ginearálta ar ábhair dlí na gcuideachtaí do pháirtithe leasmhara.

D’fhonn tuilleadh cabhrach a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh faisnéise, chuir an Oifig sraith Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (CFManna), agus freagraí ar na ceisteanna sin, le chéile, agus tá na nithe seo ar fáil ar an láithreán gréasáin⁴⁴. Déantar athbhreithniú ar an rannán CFManna ar bhonn rialta, agus cuirtear nithe leis an méid is gá. I rith na bliana faoi athbhreithniú, athbhreithníodh agus nuashonraíodh rannóg na gCFM go cuimsitheach arís, chun na fiosruithe ba mhinice a fuarthas san Oifig a léiriú. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an láithreán gréasáin, is féidir fiosruithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist faisnéise na hOifige (info@odce.ie), agus is féidir fiosruithe a dhéanamh ar an teileafón freisin.

Cé go ndéileálann an Oifig le formhór na bhfiosruithe trí threoir na seirbhísí atá léirithe thuas, teastaíonn freagairt níos mionsonraithe agus níos breithnithe do roinnt fiosruithe agus déileálann an Oifig leis an iliomad fiosruithe gach bliain. Ní féidir leis an Oifig, áfach, comhairle dlí a sholáthar do dhaoine a ndéanann fiosrú maidir leis ach, i gcúinsí ina tugtar le tuiscint leis an gcineál fiosraithe gurb é sin mar atá sé, moltar do dhaoine a rinne an fiosrú gur cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg.

43. Is é sin seachas páirtithe a bhfuiltear i dteagmháil leo i gcás shainchúram forheidhmithe na hOifige

44. <https://www.odce.ie/ga-ie/cfm.aspx>

Láithreán gréasáin

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú atógadh suíomh Gréasáin OSFC ar ardán nuashonraithe chun slándáil fheabhsaithe a sholáthar. Cé go raibh an t-uasghrádú á dhéanamh laghdaíodh na leathanaigh a bhí ar fáil don phobal i bhfad, agus ní raibh ach nuashonruithe Covid-19 le feiceáil. Léirítear an laghdú sna staitisticí laghdaithe le haghaidh amharc leathanaigh i rith na bliana. Tar éis athfhorbairt a dhéanamh ar an suíomh Gréasáin, chuir an Oifig Bratach Fianán i bhfeidhm de réir cheanglais RGCS agus r-Phríobháideachta.

Liostaítear i dTábla 19 thíos codanna an láithreáin ghréasáin a mheall an trácht is mó i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

Tábla 19: Na 5 chuid gréasáin a dtugadh an méid is mó cuairteanna orthu i 2020 – www.odce.ie

Cuid	Amhairc
Publications (Béarla)	18,411
Company Law & You (Béarla)	13,901
About the ODCE (Béarla)	9,971
FAQs (Béarla)	9,097
Media & Presentations (Béarla)	5,813

Trí thuilleadh mínte a thabhairt, tugtar mionsonraithe i dTábla 20 thíos ar na 20 leathanach aonair ba mhó ar tugadh cuairt orthu (is é sin, seachas na ranna) ar an suíomh gréasáin le linn na bliana (gan leathanach baile an tsuímh san áireamh). Faoi mar a bhí sé i mblianta roimhe seo, bhí roinn na gCeisteanna a Fiafraítear go Minic bainteach ar na leathanaigh ba mhó ar bhféachadh orthu. Ag cur leathanaigh na CFManna ar fad le chéile, mheall siad os cionn 9,000 cuairt le linn na bliana.

Tabla 20: Na 20 leathanaigh is mó a amharc orthu i 2020 – www.odce.ie

Leathanach	Amhairc
Information Books – Príomh-leathanach (Béarla)	2,942
Company Law & You – Príomh-leathanach (Béarla)	2,926
Companies, Directors and Secretaries – Responsibilities (Béarla)	2,523
Company Law Guidance – Príomh-leathanach (Béarla)	2,503
About the ODCE – Finance & Procurement (Béarla)	2,383
Company Law & You – Corporate Governance (Béarla)	2,117
Court Decisions – Príomh-leathanach (Béarla)	1,923
Court Decisions – Prosecution Cases (Béarla)	1,827
Quick Guides (Béarla)	1,655
FAQ – Meetings (Béarla)	1,645
About the ODCE – Our Role (Béarla)	1,500
FAQ – Príomh-leathanach (Béarla)	1,373
Complaint Form (Béarla)	1,320
Media & Presentations – Príomh-leathanach (Béarla)	1,263
Company Law & You – Company Directors and Secretaries (Béarla)	2,193
Court Decisions – Prosecution Cases 2019 (Béarla)	1,196
Publications – Annual Reports (Béarla)	1,170
Information Books – Príomh-leathanach (Béarla)	1,043
Company Law & You – Príomh-leathanach (Béarla)	1,007

Ag teacht le iomadú na bhfón cliste, rinneadh rochtain ar an suíomh gréasáin ó ghléasanna soghluaiste níos mó ná 3,800 uair i rith na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí 597 duine cláraithe chun fógraí suíomh gréasáin a fháil le ríomhphost. Soláthraíonn an Oifig leagan Gaeilge dá suíomh gréasáin chomh maith agus i 2020 bhí thart ar 4% de thrácht an tsuímh ghréasáin chuig an leagan Gaeilge (www.osfc.ie) le thart ar 5,400 amharc.

Na meáin shóisialta

Leanann an Oifig ar aghaidh le leas a bhaint as na meáin shóisialta chun a teachtaireacht a chur in iúl. Oibríonn an Oifig ar dhá ardán; Twitter agus LinkedIn. Úsáidtear na meáin seo chun aird a dhíriú ar ghníomhaíochtaí teagmhála na hOifige agus chun iad a chur chun cinn. De réir mar a laghdaíodh a leithéid imeachtaí sa bhliain 2020 mar gheall ar shrianta an Chovid-19, laghdaíodh an ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta le linn na bliana 2020 chomh maith.

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha

Oiliúint agus forbairt foirne

Tá bainistíocht feidhmíochta i gceist ar fud gach Roinne agus Oifige Rialtais agus cuireann an Oifig chun feidhme í gach bliain. Féachann sí lena chinntiú go bhfuil ról na mball foirne aonair soiléir agus go bhfuil siad ar aon dul le cuspóirí corparáideacha foriomlána, agus athbhreithniú agus bainistíocht feidhmíochta á n-éascú aici ag an am céanna. Ina theannta sin, nascann sí cláir oiliúna agus caiteachas na hOifige go díreach le ról gach baill foirne. A mhéid is indéanta, tacaíonn an Oifig baill foirne ina riachtanais oiliúnt agus forbairt.

Cuireadh 138 lá oiliúna ar an iomlán i rith 2020 (2019: 177) ar comhalta foirne den Oifig i 2020, lena n-áirítear:

- oiliúint a chuir acmhainní inti ar fáil – 90 lá, a bhain le 20 comhalta foirne; agus
- oiliúint a chuir an Roinn ar fáil – 48 lá, a bhain le 25 comhalta foirne.

Le linn 2020, chabhraigh an Oifig le baill foirne tabhairt faoin oiliúint agus faoin bhforbairt seo a leanas:

- i. Ard-Diplóma sa Choireacht Chorparáideach, an Bhóna Bán agus Rialála (Óstaí an Rí);
- ii. LL.M i nDlí na hEorpa agus Gnóthaí Poiblí (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath);
- iii. B.Sc. i gCeannaireacht agus Rialachas Póilíní (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath);
- iv. Dochtúireacht sa Rialachas (An Foras Riaracháin);
- v. Diplóma Idirnáisiúnta an CIC i Rialachas, Riosca & Comhlíonadh;
- vi. riachtanais FGL⁴⁵ baill foirne cuntasaíochta;
- vii. riachtanais FGL baill foirne aturnae;
- viii. riachtanais FGL baill foirne innealtóra.

Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán eanála poiblí arna bhunú le reacht

Ceisteanna Parlaiminte (“CP”)

Iarrtar ar an Oifig go rialta faisnéis/ábhar a chur ar fáil don Roinn chun cabhrú léi freagraí de chuid Airí a ullmhú ar CPanna ó Theachtaí. Ina theannta sin, bíonn an Oifig féin ina hábhar do CPanna ó Theachtaí ó am go chéile. Le linn na bliana, chuir an Oifig ábhar ar fáil mar fhreagra ar 31 CPanna (2019: 64).

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Déantar foráil san Acht um Íoc Pras Cuntas d’íocaíocht úis le soláthraithe nár íocadh a sonraisc faoi dháta forordaithe (de ghnáth 30 lá i ndiaidh an sonrasc a fháil). In ainneoin bheartas na hOifige maidir le gach sonrasc a shocrú laistigh den tréimhse forordaithe, íocadh seacht sonrasc lasmuigh den am a ceadaíodh agus, mar thoradh ar sin, íocadh Ús Íocaíochta Gasta ar luach €2.37, mar aon le €370 i bpionóis (2019: sonrasc amháin, €1.12 agus €40 faoi seach). Tharla na moilleanna ar íocaíocht den chuid is mó mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le hobair cianda.

Plean Gníomhaíochta Bainistíochta Riosca

I rith na bliana, rinne an OSFC athbhreithniú agus uasghrádú ar a plean bainistíochta riosca i gcomhairle leis an Roinn.

Saoráil Faisnéise (SF)

Tá an chuid is mó taifead na hOifige (is é sin, gach taifead seachas taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige) díolmhaithe ón Acht SF. I rith na bliana 2020, rinneadh cúig iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (2019: 12).

As na n-iarratas a fuarthas, tarraingíodh siar ceann amháin acu, deonaíodh 2 ina n-iomláine, bhí ceann amháin acu le haghaidh tgaifid taifid nach raibh ann nó nach raibh i seilbh OSFC agus dá bhrí sin níor mhór iad a dhiúltú, agus bhí ceann amháin fós á mheas ag deireadh na bliana.

45. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Mar a ceanglaítear an Acht, foilsíodh dréacht Scéim Foilsithe SA na hOifige ar suíomh idirlíne na hOifige chomh maith le logáil de iarratais SF agus na cinntí ar rinneadh orthu.

Cosaint Sonraí agus an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí

Rinneadh rialachán in-fheidhmithe den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) an 25 Bealtaine 2018. Bronnann an reachtaíocht leibhéal fairsing de chosaint ar shaoránaigh i dtaca le príobháideacht agus úsáid a bhaint as sonraí pearsanta, agus deonaíonn sé cearta rochtana do shonraí pearsanta a coimeádann nó phróiseálann rialaitheoir sonraí.

Tá iarracht nach beag déanta ag an Oifig lena chinntiú go gcomhlíontar an Rialachán nua agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, anuas ar sheisiúin faisnéise a chur ar siúl chun go mbíonn an fhoireann go léir ar an eolas ar na hoibleagáidí nua.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, rinneadh ceithre iarratas bhreise ar fhaisnéis leis an Oifig faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018. Breithníodh gach ceann de na hiarrataí agus, nuair ba infheidhme, soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha d'ábhair sonraí sa mhéid nár cuireadh na cearta chun faisnéise den sórt sin srianta a mhéid is gá chun feidhmeanna an Stiúirthóra a chosaint agus nuair a bhí an srianadh sin comhréireach.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Rinne an Oifig dréachtú ar dhara Scéim faoin Acht i 2011 agus tá sí ag feitheamh ar chomhaontú an Choimisinéara Teanga i leith na Scéime sin. Idir an dá linn, tá an Scéim dheiridh i bhfeidhm go fóill, mar aon le ceanglais reachtúla an Achta. Dá bhrí sin, lean an Oifig ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sí an tAcht agus a Scéim féin.

An Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a Chur i bhFeidhm

I rith 2020, rinne an Oifig a nuashonrú an ráiteas ar intinn aici foilsithe ar a láithreán gréasáin Dualgas na hEarnála Phoiblí a chomhlíonadh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2019. Leagann an dualgas seo oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna iad siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus na foirne a chosaint nuair a thugtar faoina n-obair laethúil.

Ina hobair laethúil agus go háirithe ina cuid déileálacha le páirtithe leasmhara, cinntíonn an Oifig nach mbíonn aon bhall den phobal nó páirtí leasmhar eile thíos le hidirdhealú in idirghníomhú leis an Oifig faoi aon cheann de na forais seo a leanas: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, creideamh agus ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.

Caitheann an Oifig lena foireann leis an gcomhionannas céanna.

Úsáid fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí carbóin


Comhroinneann an Oifig a n-áitreabh le roinnt áitritheoirí eile, agus is ionann an chomhréir spáis a leithdháiltear don Oifig ná 45.62%, beagán níos lú ná leath den spás iomlán. Ar mhaithe le soilsiú agus trealamh oifige is ea thart ar leath den leictreachas go léir a úsáidtear, agus úsáidtear an fuilleach ar mhaithe leis an córas téamh agus aerchóiriú. Úsáidtear gás chun uisce a théamh a úsáidtear i gcóras téimh an fhoirgnimh.

B'ionann an úsáid gháis don bhliain agus 336,000 cileavatuair (kwh) (2019: 470,000 kwh), as a raibh an Oifig freagrach as thart ar 153,000 kwh. B'ionann an úsáid leictreachais agus 460,000 kwh (2019: 500,000 kwh), agus bhí an Oifig freagrach as thart ar 210,000 kwh.


I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí foirgnimh na hOifige tearcghafa mar bhí a lán ball foirne ag obair ón mbaile ó mhí an Mhárta ar aghaidh. Cé gur úsáideadh níos lú fuinnimh i gcomhair trealaimh, bhí soilsiú, teas agus fuarú fós ag teastáil don fhoireann a bhí ag obair ar an láthair. Leanann an Oifig ag iarraidh tionscnaimh chun tomhaltas fuinnimh a chiorrú a thuilleadh, agus d'fhreastail ionadaithe ar chur i láthair fíorúil ar an ábhar a cuireadh ar fáil tríd an bhfeachtas OP@W (Ag Barrfheabhsú na Cumhachta @ an Obair). Tá na cairteacha úsáid fuinnimh don bhliain 2018 go dtí an bhliain 2020 leagtha amach thíos.

Ba ionann an sprioc le haghaidh laghdú ar ídiú fuinnimh in 2020 agus 5% eile. Is ionann an t-aschur le feidhmíocht fuinnimh le haghaidh ná laghdú 8% in úsáid leictreachais agus 28% in úsáid gais, arb ionann sin laghdú foriomlán 18% i 2020 in aghaidh 2019, ar úsáid gáis den chuid is mó.

Usáid gáis 2018-2020




Úsáid Leictreachais 2018-2020



Déanann an OP@W tomhas agus monatóireacht ar lorg carbóin an fhoirgnimh iomláin thar ceann Fhoireann Glas an fhoirgnimh, agus cuirtear na sonraí ar fáil go rialta d'áititheoirí an fhoirgnimh. Taispeánann a gcairt thíos an laghdú ar astaíochtaí carbóin mar thoradh ar an bhfuinneamh a úsáideadh san fhoirgneamh le trí bliana anuas arna thomhas i gcoinne a leithéid astaíochtaí sa bhliain 2014, nuair a thosaigh an foirgneamh ar pháirt a ghlacadh san fheachtas. Ba é an laghdú sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2014 ná 40%, de réir sprioc an laghdaithe 50% faoin mbliain 2030.

Próifíl astaíochtaí bliantúla iomlán



AGUISÍNÍ



AGUISÍN 1

Caiteachais arna chionroinnt i gcoinne chaiteachas iarbhír: 2018 – 2020

	2018		2019		2020	
	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s
Cionroinnt						
Deontas ón Státhchiste	5,057		6,057		6,057	
Costais Dlí Eiseachtúil	50	5,107	50	6,107	50	6,107
Caiteachas						
Tuarastail	2347.0		2,503.1		2,295.8	
Fógraíocht & Poiblíocht	34.8		32.2		19.7	
Áitreabh Oifige	297.2		290.0		357.6	
Costais Dlí	741.8		1,075.2		995.9	
Seirbhísí Sainchomhairle	3.9		3.8		29.6	
Ríomhraiseacht	116.0		204.3		441.7	
Priontáil	22.0		28.8		22.8	
Fochostais	51.3		29.1		32.7	
Taisteal & Cothabháil	14.3		25.2		8.9	
Teileachumarsáid	30.1		45.3		54.3	
Seirbhísí Postais / Teachtaire	12.6		7.9		8.1	
Trealamh Oifige & Fótócóipeáil	8.3		17.5		7.9	
Forbairt Acmhainne Daonna	22.2		37.4		35.7	
		3,701.5		4,299.8		4,310.7
Méid géillte		1,405.5		1,807.2		1,796.3

AGUISÍN 2

Láithreoireachtaí a d'fhuascail, taispeántais/imeachtaí ar ar fhreastail agus foilseacháin eisithe

Láithreoireachtaí arna dtíolacadh ag baill foirne OSFC i rith na bliana 2020

Seo a leanas miondeal ar na catagóirí:

Catagóir	Líon na láithreoireachtaí tugadh
Institiúidí Tríú Leibhéal	1
Comhlachtaí Gairme (lena n-áirítear comhlachtaí Cuntasaíochta, an Dlí-Chumann agus An Garda Síochána)	4
Comhlachtaí Poiblí (lena n-áirítear Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais)	4
Comhlachtaí/Eagraíochtaí eile (earnálacha pobail agus deonacha san áireamh)	3

Taispeántais/teagmhais ar ar fhreastail foireann OSFC – 2020

Ainm Teagmhais	Tionscnóir	Ionad Coinne
National Manufacturing	Premier Publishing	Ionad Comhdhála Iarthar na Cathrach
Biz Expo	Biz Expo	Ionad Comhdhála Iarthar na Cathrach
HPSU Showcase 2020	Enterprise Ireland	Páirc an Chrócaigh
Manufacturing & Supply Chain Conference	Premier Publishing	Fíorúil (ar líne)

Foilseacháin eisithe agus arna fhoilsiú i 2020

Dáta	Ainm an Fhoilsithe
Meitheamh 2020	Tuarascáil Bhliantúil 2019
Nollaig 2020	Treoir Do Cuideachtaí Aonbhaill – comhdhlúthú seacht leabhrán faisnéise a thugann faisnéis le chéile faoi phríomhróil agus fhreagrachtaí na bpríomhpháirtithe i gcuideachtaí.

AGUISÍN 3

Tuairisc de réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuairisc é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuairisc thuasluaite:

- i. líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;
- ii. an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus
- iii. aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh de réir mar a bhféadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.

Tuarascálacaha a fuarthas le linn 2020

Le linn na bliana dar deireadh an 31 Nollaig 2020 fuair an OSFC nochtadh cosanta amháin (2019: 8).

An gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh, deimhníodh go an nochtadh cosanta lasmuigh de shainchúram na hOifige.

Aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh de réir mar a bhféadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.

Níl sé infheidhme.

AGUISÍN 4

Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Srianta nó ina ndearna an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianta de bhun Acht na gCuideachtaí 2014

Cásanna leachtuithe ina ghlac stiúrthóirí cuideachta le Ghealltanais Srianadh deonach de bhun alt 852 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
347848	21 st Century Alternative Fuel Systems Limited	McElmeel	Michael	22-Nol-20
579017	ASL Cars Limited	Bowhan	Josephine	06-Lún-20
456722	Bernard Walsh Shopfitting Limited	Walsh	Bernard	13-Lún-20
572253	BGH Seasonal Operations (Irl) Limited	Hoskin	Bruce	23-Iúil-20
599861	Brook Creek Construction Limited	Nolan	Wesley	05-Lún-20
540940	Cardea Building Limited	Sheridan	Gerald	21-Lún-20
540940	Cardea Building Limited	Walsh	David	21-M.Fó-20
643190	Celtic Series Limited	Fitzpatrick	Alan	03-Nol-20
503254	CFNN Limited	Fitzpatrick	Alan	03-Nol-20
473987	Clonliffe Healthcare Products Limited	Navan	William	28-D.Fó-20
518594	CTP Bars Limited	Leonard	Christopher	26-D.Fó-20
518594	CTP Bars Limited	Leonard	John	26-D.Fó-20
486772	Darcys Bar Limited	Sexton	Patrick	15-M.Fó-20
486772	Darcys Bar Limited	O'Connor	Myra	15-M.Fó-20
573289	DB 5 Vehicle Imports Limited	Cronin	Ross John	04-Fea-20
573289	DB 5 Vehicle Imports Limited	Browne	David	04-Már-20
551614	Elite Future Enterprises Limited	Flynn	Paul	24-M.Fó-20
345234	Finbarr Whyte & Sons Limited	Whyte	Finbarr	15-M.Fó-20
447023	Foh Audio Limited	Walsh	Philip	10-Lún-20
530482	Glenmak Couriers Limited	Flanagan	Mark	13-Lún-20
582784	Green Foods Catering Limited	Hoskin	Bruce	23-Iúil-20
562337	Grey Stag Limited	Stagg	Kevin	15-M.Fó-20
562337	Grey Stag Limited	Gray	Declan	15-M.Fó-20
539699	Hira Ventures Limited	Ul-Islam (Shadow Director)	Shafique	20-Már-20
539699	Hira Ventures Limited	Qureshi	Alia Salaam	20-Már-20
539699	Hira Ventures Limited	Adnan	Shamaila	20-Már-20
485788	Homeville Stores Limited	Conway	Owen	10-Már-20
580546	Ihart Construction Limited	Hart	Ian	07-Lún-20
580546	Ihart Construction Limited	Hart	Erin	07-Lún-20
367630	Johnstown Technology Consulting Limited	Burke	Tony	13-Lún-20
492819	Joyce Motors Limited	Joyce	Kenneth	19-Már-20
580415	K Property Support Limited	Keaveney	Sally	07-Lún-20
580415	K Property Support Limited	Keaveney	Clem	07-Lún-20
153814	Kells Stores Limited	Ormiston	Norman	04-Lún-20
136229	Laraglen Limited	Collins	Denis	31-D.Fó-20
136229	Laraglen Limited	Collins	Teresa	31-D.Fó-20
218592	Lobar Limited	Maguire	Patrick	17-Lún-20
576774	Look Ahead Limited	Carroll	Michael	15-Fea-20
616091	Next Generation Marketing Limited	Sheehan	Richard	25-Lún-20

616091	Next Generation Marketing Limited	Connolly	David	28-Lún-20
495392	Nour Medical Limited	Mohammed	Sally	16-Már-20
495392	Nour Medical Limited	Hassan	Mohammed	16-Már-20
515234	R&R Bathrooms Limited	Prestage	Robert	16-Fea-20
601579	Rekan Catering Limited	Reynolds	Andrew	31-D.Fó-20
577616	Rootaigh Limited	Cronin	Elaine	09-Aib-20
512699	Shayoub Medical Services Limited	Shayoub (a.k.a. Ahlam Abokhlal)	Ahlam	17-Nol-20
512699	Shayoub Medical Services Limited	Naser	Shayoub	17-Nol-20
336147	Springwell Developments Limited	Long	Maura	05-Lún-20
108453	Trodat Limited	McDonagh	Mark	07-Lún-20
580390	United Power Limited	Maguire	Philip	04-Fea-20
580390	United Power Limited	Scanlan	Keith	04-Fea-20
582553	Veranco Limited	Czyzykowski	Artur	17-M.Fó-20
599233	Vidlyn Communications Limited	Flynn	David	23-Iúil-20

Cásanna leachtuithe ina rinne an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianadh de bhun alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúirthóra		Dáta Srianata
542839	Adalbert Limited	Heagney	Daragh	08-Bea-20
397043	Alvonway Investments Limited	Donovan	Joseph	20-Ean-20
397043	Alvonway Investments Limited	Appelbe	Fergus	09-D.Fó-20
533168	Rio Rodizio Limited	McColgan	Garth	14-Nol-20
469926	Shin - Ram Limited	Bourke	Sinead	10-Fea-20
546807	H.M.F. Construction Solutions Limited	Farrelly	Hughie	16-Sam-20
546247	Golden Island Retail Limited	Doherty	David	08-Nol-20
491827	Grudlann Corca Dhuibhne Teoranta	Whistler	Peter	14-Nol-20
491827	Grudlann Corca Dhuibhne Teoranta	Leahy	Collette	14-Nol-20
491827	Grudlann Corca Dhuibhne Teoranta	O'Sullivan	Jerry	14-Nol-20
325370	Northwest Projects Limited	Dooley	Donal	03-M.Fó-20
325370	Northwest Projects Limited	Dooley	Mary	03-M.Fó-20
476100	Squeaky Clean Ltd	O'Brien	Richard	31-Nol-20
476100	Squeaky Clean Ltd	Lavelle	Patricia	31-Nol-20
314280	Vectone Ltd	Allirajah	Baskaran	09-Már-20
314280	Vectone Ltd	Nicholas	Paul	09-Már-20
314280	Vectone Ltd	Wilson	Daniel	10-Fea-20
592768	RHS Energy Ltd	Palmer	Martin	24-Fea-20
197173	Winning Ways Ltd	Stenson	Brian	02-Mei-20
197173	Winning Ways Ltd	Stenson	David	02-Mei-20

AGUISÍN 5

Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Dícháiliúcháin nó rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháiliúcháin de bhun Acht na gCuideachtaí 2014

Cásanna leachtuithe ina ghlac stiúrthóirí cuideachta le Gealltanais Dícháilithe deonach de bhun alt 850 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dícháilithe ó	Dícháilithe go dtí
554503	Clondrinagh Car Repairs Limited	O'Donovan	Marc	03-Sam-20	02-Sam-25
427579	Farm Food Emporium Limited	Coffey	Desmond	26-D.Fó-20	25-D.Fó-25
45928	Towerpoint Properties Limited	Wiseman	Niall	27-Iúil-20	26-Iúil-25

Cásanna cuideachta dóchmhainneach díscailte ina ghlac na stiúrthóirí le Ghealltanais Dícháilithe de bhun alt 850 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dícháilithe ó	Dícháilithe go dtí
556595	Elder Star Limited	Michael	Nolan	04-Ean-20	03-Ean-23
416910	Casalani Limited	Donal	Kelleher	01-Fea-20	31-Ean-23
394487	Glydebrook Developments Limited	Sean	Lambe	05-Már-20	04-Már-24
469983	Sharp Edge Security Limited & United Guard and Security Limited	Brid	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
		Terry	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
		Theresa	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
		Robert	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
594623	Ivymill Limited	Leon	Lee	25-Lún-20	24-Lún-24
496839	Ellsec Limited	Paul	Ellard	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
		Colm	Ellard	11-M.Fó-20	10-M.Fó-23
		June	Fields	11-M.Fó-20	10-M.Fó-22
513743	Atlas Forklifts Limited	John	Seaver	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
		John	Mackle	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
114511	Clayworth Investments Limited	John	Dowling	28-D.Fó-20	27-D.Fó-24
		Liam	Dowling	28-D.Fó-20	27-D.Fó-24
306860	Meadowcraft Developments Limited	Alan	O'Connor	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
		Kenneth	O'Connor	06-Sam-20	05-Sam-24
581128	Andy's Auto Imports Limited	Andrew	Bailey	09-Ean-21	08-Ean-25

Cásanna leachtuithe ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháilithe de bhun alt 842 d’Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúirthóra		Dícailithe ó	Dícailithe go dtí
555562	Step Training Limited	Mallard	Will	13-Ean-20	12-Ean-25
543634	Westman Plant & Civils Limited	Rabbitte	Kevin	30-Ean-20	19-Aib-34
508037	Express Boston Bakery Limited	Noble	Claire	09-Már-20	08-Már-25
508037	Express Boston Bakery Limited	Noble	Anthony	09-Már-20	08-Már-25
469926	Shin - Ram Limited	Hooda	Ramlal	10-Fea-20	09-Fea-25
545791	Meat Market Lane Restaurant (Drogheda) Limited	Donegan	Robert	09-Már-20	08-Már-25
543915	KLM Biotechnology Limited	Shanahan-Prendergast	Elizabeth	09-Sam-20	08-Sam-28
543915	KLM Biotechnology Limited	Prendergast	Patrick	09-Sam-20	08-Sam-28
481151	DMG Energy	McGleenan	Damien	04-Mei-20	03-Mei-30
481151	DMG Energy	McGleenan	Francis Joseph	04-Mei-20	03-Mei-30
623993	The MK Chow Lee Ltd	Chow	Mui Kiu	14-Nol-20	13-Nol-27

GLUAIS



Acht	Acht na gCuideachtaí 2014
Acht GÉCS	Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
Aire	Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
ÁSG	Árachas Slánaíochta Gairmiúla
ÁSBP	Árachas Sóisialta a Bhaineann le Pá
BNGSCE	Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch
CAC	Comhlacht Aitheanta Cuntasóireachta
CBL	Cáin Bhreisluacha
CFG	Comhlacht Forordaithe Gairmiúil
CFManna	Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (Ceisteanna Coitianta)
CGB	Cruinniú Ginearálta Bliantúil
CIRD	Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta
CL	Coibhéis Lánaimseartha
Clár	Clár na gCuideachtaí a choimeádann an OCC
CP	Ceist Pharlaiminte
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
GADC	An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta
GAH	Grúpa Athbhreithnithe Hamilton
GÉCS	Gléas Éireannach um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
IMAT	Íoc Mar A Thuilltear
IR	Ionstraim Reachtúil
MT	Meabhrán Tuisceana
OCC	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
Oireachtas	Téarma comhchoiteann do Theach Uachtarach agus do Theach Íochtarach na Parlaiminte
OSFC/Oifig	Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Roinn	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
SF	Saoráil Faisnéise
SIP	An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí
Stiúirthóir	An Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
ÚMICÉ	Údarás Maoirseachta Iniúchta & Cuntasaíochta na hÉireann



Le haghaidh eolas breise déan teagmháil le:

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1

Guthán: +353 1 858 5800

Íosghlao: 1890 315 015

Facs: +353 1 858 5801

Ríomhphoist: info@odce.ie

Suíomh Gréasán: www.osfc.ie

Twitter: @odce



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement